NA SRAITHE SÓISEARAÍ

# TÍREOLAÍOCHT

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

WorldWise Global Schools



An t-athrú aeráide
Ceartas aeráide
Cúnamh maidir le forbairt
Forbairt eacnamaíoch
Acmhainní fuinnimh
Fraiceáil
Inscne
Tonnta teasa
Forbairt Dhaonna
Imirce
Sleamhnú láibe
Acmhainní nádúrtha
Inbhuanaitheacht

## AGGABHÁILDONOIDEACHAS
# SAORÁNACHTA DOMHANDA

www.worldwiseschools.ie

MEONTA
A ATHRÚ
SCILEANNA
AFHORBAIRT
CURLEIS
ANEOLAS

## CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA?

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo againne, domhan atá ag athrú go tréan agus atá idirspleách agus éagothrom. Tríd an OSD, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar shaoránaigh san anailís, sa mhachnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist leis an OSD ná tacú le daoine chun teacht ar thuiscint ar na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus dul i mbun gníomhaíochta chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

Príomhghnéithe den Oideachas Saoránachta Domhanda:

- **Modhanna** atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an rannpháirteachas
- **Eolas** faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an domhan
- **Scileanna** maidir le smaointeoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís agus obair foirne
- **Luachanna agus meonta** na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaithe
- **Athrú** a spreagadh ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime

*"Is iomaí nasc atá idir topaicí a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda agus torthaí foghlama na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach, cosúil leis an athrú aeráide, éagothroime eacnamaíoch agus ceisteanna eile a bhaineann leis an gceartas domhanda. Is éard atá i gceist le cur chuige an Oideachais Saoránachta Domhanda ná scoláirí a spreagadh chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar an topaic a bhfuil siad ag gabháil di sna ranganna Tíreolaíochta agus sa saol féin"*

- Oisín Fogarty McMahon,
Scoil Chuimsitheach Chnocán an Teampaill, Baile Átha Cliath

# AIDHM NA HACMHAINNE SEO

**Is é is aidhm don acmhainn seo tacú le múinteoirí Tíreolaíochta maidir le béim a chur ar ghné an cheartais dhomhanda sa teagasc (cur chuige a mbaineann buntáistí móra oideachasúla leis), rud a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach sa tsonraíocht i gcomhair na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach, agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Tá sé seo ar cheann de shraith acmhainní de chuid Scoileanna Domhanda WorldWise a thacaíonn le múinteoirí i réimsí éagsúla ábhar agus iad ag tabhairt aghaidh ar théamaí agus coincheapa a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Leis an tsraith acmhainní Ag gabháil don OSD, cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí iarraidh ar na scoláirí breathnú ar an domhan seo againne, agus ar an méid is féidir linn féin a dhéanamh ionas go mbeidh an domhan níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe.**

## AN TOIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD) AGUS TÍREOLAÍOCHT NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Sonraítear sa réasúnaíocht le haghaidh Tíreolaíocht na sraithe sóisearaí go mbaineann an Tíreolaíocht 'le tírdhreacha, pobail, áiteanna agus timpeallachtaí an Domhain', go 'réitíonn sí leis an modh eolaíochta' agus, mar gheall uirthi, go gcothaítear 'tuiscint dhomhain ar dhaoine agus ar áiteanna' agus go bhfoghlaimíonn an scoláire na scileanna cuí 'le go mbeidh sé ábalta a thimpeallacht a léamh', 'an tírdhreach fisiceach a léirmhíniú, féachaint ar imeachtaí aeráide go heolach agus imeachtaí an domhain a phlé go feasach'. Ach staidéar a dhéanamh ar an Tíreolaíocht spreagtar na scoláirí chun 'léirthuiscint a fháil ar na próisis a théann i bhfeidhm ar a ndomhan agus chun breathnú ar cheisteanna domhanda mar shaoránaigh eiticiúla' sa chaoi is gur féidir leo 'cur go mór le saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a bpobal, a gceantar agus a dtíortha' i dtaobh ceisteanna amhail an fhorbairt inbhuanaithe agus an t-athrú aeráide. An té a dhéanann staidéar ar an Tíreolaíocht, tá sé 'ina chuid de ghlúin atá in ann déileáil go héifeachtach le dúshláin dhomhanda agus iad a mhaolú, agus a bheith in ann ag deiseanna gaolmhara' (CNCM, 2017: 4).

Is é an phríomhaidhm chéanna atá ag an Oideachas Saoránachta Domhanda agus Tíreolaíochta na sraithe sóisearaí: a spreagadh go gcothófar 'eolas, scileanna, luachanna agus iompar a ligeann don scoláire fiosrú a dhéanamh ar an domhan fisiceach, ar ghníomhaíochtaí an duine agus ar an gcaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan agus an chaoi ar féidir linn na hidirnaisc idir córais ar leith a aithint'. (CNCM, 2017: 5).

**Ní gá obair bhreise a chur leis an Tíreolaíocht sa tsraith shóisearach chun bheith ag gabháil don OSD.**

### RÁITIS FOGHLAMA

Cuidíonn an OSD le baint amach gach ceann de na seacht Ráiteas Foghlama a luaitear sa tsonraíocht i gcomhair na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach, ach is leis na ráitis seo a leanas is mó a bhaineann sé:

**Ráiteas Foghlama 6:**

Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.

**Ráiteas Foghlama 7:**

Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.

**Ráiteas Foghlama 8:**

Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.

**Ráiteas Foghlama 9:**

Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi.

**Ráiteas Foghlama 10:**

Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.

### PRÍOMHSCILEANNA


Is mór an chosúlacht atá idir na hocht bpríomhscil atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) agus na scileanna a chothaítear le cur chuige an OSD. Dá bhrí sin, cuidíonn an OSD leis na scileanna lárnacha a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht i gcomhair na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach.

# **Príomhscileanna** na Sraithe Sóisearaí

- Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt
- Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil
- Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla
- Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas
- Mo theanga labhartha a fhorbairt
- Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú

- Éisteacht agus mé féin a chur in iúl
- Taibhiú agus cur i láthair
- Plé agus díospóireacht
- Teanga a úsáid
- Uimhreacha a úsáid
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh




- A bheith folláin, fisiciúil agus gníomhach
- A bheith sóisialta
- A bheith slán
- A bheith spioradálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

- An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint
- Ag comhoibriú
- Meas a bheith agam
- Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile
- Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

- Ag samhlú
- Roghanna a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú
- Ag foghlaim go cruthaitheach
- An chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as teicneolaíocht dhigiteach

- Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil
- Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh
- Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna
- Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil
- Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt


AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

www.juniorcycle.ie

Fíor 1: Ocht bpríomhscil don tsraith shóisearach agus gnéithe príomhscile a ghabhann leo

# STRUCHTÚR NA TÍREOLAÍOCHTA SA TSRAITH SHÓISEARACH



Tá Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí eagraithe i dtrí shnáithe idirnasctha:


1. Snáithe a hAon: An domhan fisiceach a fhiosrú
2. Snáithe a Dó: An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú
3. Snáithe a Trí: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

Tá gnéithe ann a bhaineann le gach snáithe, a thugann bonn eolas do na scoláirí agus iad ag tabhairt aghaidh ar na torthaí foghlama:

- Próisis, patrúin, córais agus scála (PPCS)
- Scileanna Tíreolaíochta (ST)
- An Inbhuanaitheacht

Tá na trí shnáithe agus na trí ghné choiteanna sin bunaithe ar choincheap na Feasachta Tíreolaíochta. Is éard atá i gceist leis sin ná an cumas atá ag an scoláire cinntí cinniúnacha a fhorbairt trí smaointeoireacht agus réasúnaíocht tíreolaíochta. Is iad na gnéithe lárnacha den Fheasacht Tíreolaíochta ná idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí. Is ionann idirghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí idir daoine agus an timpeallacht.

Is ionann idirnaisc agus an nasc idir daoine, áiteanna, timpeallachtaí, agus patrúin spásúla, trí naisc inláimhsithe nó trí naisc dholáimhsithe. Baineann impleachtaí leis an gcumas atá ag duine a theacht ar thuiscint ar an toradh a bheidh ar na cinntí a dhéanfaidh sé féin nó daoine eile. Is é is aidhm leis an bhfeasacht tíreolaíochta inniúlachtaí cognaíocha, idirphearsanta agus inphearsanta a fhorbairt tríd an gcuraclam, atá inbhuanaithe i rith shaol an scoláire. Leis an aidhm sin, déantar comhlánú ar phríomhghnéithe an OSD, a bhfuil cur síos orthu ar leathanach 2.




Fíor 2: Snáitheanna tíreolaíochta agus gnéithe na snáitheanna
(ón tsonraíocht i gcomhair na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach)

# TORTHAÍ FOGHLAMA AGUS MEASÚNÚ

Tá téamaí an Oideachais Saoránachta Domhanda ina ngné lárnach de na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe den tsonraíocht i gcomhair na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach. San acmhainn seo, tugtar tacaíocht do mhúinteoirí ionas gur féidir leo deiseanna a thapú chun saibhreas eispéireas foghlama agus torthaí ar leibhéil éagsúla a chothú do na scoláirí, tacú le tascanna a bhaineann le measúnú suimitheach agus measúnú leanúnach, idir fhéinmheasúnú agus phiarmheasúnú, agus aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí aonair.

Chun léargas a thabhairt ar a ábhartha atá an OSD ar fud na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach, agus ag teacht leis an gcur chuige neamh-líneach, comhtháite ar fud na snáitheanna, **tugtar samplaí san acmhainn seo a bhfuil baint acu le naoi dtoradh foghlama** (féach na torthaí foghlama sa chló trom i bhFíor 3 thíos). Ag teacht leis an spreagadh a thugtar sa tsonraíocht chun torthaí foghlama a chomhcheangal laistigh de na snáitheanna agus ina measc, aithnítear torthaí foghlama nasctha sna gníomhaíochtaí a mholtar san acmhainn seo (féach na torthaí foghlama idir lúibíní i bhFíor 3 thíos). Chomh maith leis sin, aithnítear gnéithe ábhartha de na snáitheanna i ngach gníomhaíocht.

| | Snáithe a hAon: An domhan fisiceach a fhiosrú | Snáithe a Dó: An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú | Snáithe a Trí: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú |
|---|---|---|---|
| Próisis, patrúin, córais agus scála (PPCS)<br><br>Scileanna tíreolaíochta (ST)<br><br>Inbhuanaitheacht | **Toradh Foghlama 1.3**<br>(Torthaí Foghlama 2.8 agus 3.8)<br><br>**Toradh Foghlama 1.7**<br>(Torthaí Foghlama 1.3, 1.6, 1.8, 2.6 agus 3.7)<br><br>**Toradh Foghlama 1.9**<br>(Torthaí Foghlama 2.2, 2.3 agus 3.3) | **Toradh Foghlama 2.2**<br>(Toradh Foghlama 2.3)<br><br>**Toradh Foghlama 2.4**<br>(Torthaí Foghlama 1.4, 2.3 agus 3.2)<br><br>**Toradh Foghlama 2.6**<br>(Torthaí Foghlama 2.2, 2.5, 3.7 agus 3.9) | **Toradh Foghlama 3.2**<br>(Torthaí Foghlama 2.8 agus 3.3)<br><br>**Toradh Foghlama 3.7**<br>(Torthaí Foghlama 3.6, 3.8 agus 3.9)<br><br>**Toradh Foghlama 3.8**<br>(Torthaí Foghlama 2.8, 3.6, 3.7 agus 3.9) |

Fíor 3: Torthaí foghlama a dtacaítear leo san acmhainn seo

Is maith mar a oireann cur chuige an OSD i dTíreolaíocht na sraithe sóisearaí do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna). Mar shampla, chun an measúnú rangbhunaithe nuachta (MRB1) a dhéanamh ar dhuine aonair, ar bheirt nó ar ghrúpa scoláirí sa dara bliain, d'fhéadfá tacú leis na scoláirí chun dul i ngleic le ceisteanna tábhachtacha tíreolaíochta, agus anailís á déanamh acu ar thábhacht agus inbhuanaitheacht ó thaobh na tíreolaíochta de, agus a léiriú cén fheasacht atá acu ar na próisis, na patrúin agus na córais mar seo a leanas:

- Ceisteanna lárnach tíreolaíochta (cé, céard, cén uair, cén áit, cén chaoi, cén fáth) a chur maidir leis an tuairisciú ar thubaistí nádúrtha agus ar theagmhais aimsire sa Domhan Theas a bhfuil baint acu leis an athrú aeráide, mar shampla, cioclóin, triomach, tonnta teasa, eipidéimí, tuilte, falscaithe, ardú ar leibhéal na farraige agus fairsingiú fásaigh
- Comparáid a dhéanamh idir leibhéal agus cáilíocht an chlúdaigh a dhéantar sna meáin sa Domhan Theas agus sa Domhan Thuaidh ar cheisteanna nó ar eachtraí a mbaineann suntas mór leo ó thaobh na tíreolaíochta de
- Anailís a dhéanamh ar an gclúdach a dhéantar sna meáin ar tháirgeadh fuinnimh agus tomhaltas fuinnimh, ar úsáid acmhainní nádúrtha agus/nó ar an athrú aeráide
- Leasú a dhéanamh ar ábhar éigin sna meáin chun gné na hinbhuanaitheachta a chur san áireamh ann (mar shampla, ceangal a dhéanamh idir gníomhaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil agus na torthaí a bhíonn orthu)
- A n-ábhar meáin féin a chur le chéile, bunaithe ar thaighde, faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag Éirinn maidir leis na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe

Ach díriú go sainráite ar an OSD sa Tíreolaíocht i gcomhair na sraithe sóisearaí, is féidir leis na scoláirí obair fhiúntach a dhéanamh ar an measúnú rangbhunaithe aonair 'Mo thíreolaíocht' (MRB2), obair a dtugann siad fúithi agus iad sa tríú bliain. Is cur chuige an-úsáideach é an OSD duit chun cabhrú leis na scoláirí agus iad ag fiosrú cén bhaint atá ag a rogha gnéithe den tíreolaíocht ina gceantar féin lena saol agus a dtimpeallacht féin, anois agus feasta.

# STRUCHTÚR ACMHAINNÍ

Sna leathanaigh seo a leanas, cuirtear i láthair na torthaí foghlama a aithnítear i bhFíor 3 (leathanach 6), mar aon le heolas cúlra ábhartha agus smaointe i gcomhair gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus lasmuigh de.

Tá ceannteideal **Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda** i ngach roinn, ina ndéantar tagairt do cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad sin, a bhfuil sé geallta ag ballstáit na Náisiún Aontaithe, agus Éire ina measc, díriú orthu mar chreat dá gcláir oibre agus dá mbeartais go dtí 2030. Sa ról atá agaibhse mar mhúinteoirí Tíreolaíochta, bainfidh sibh an-tairbhe as na Spriocanna Domhanda ó thaobh féachaint chuige go 'spreagann eispéireas [...] an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil'. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015. Creat don tSraith Shóisearach, leathanach 13).

| TORADH FOGHLAMA MAR THÚS AISTIR | LEATHANACH |
|---|---|
| Toradh Foghlama 1.3 | 8 |
| Toradh Foghlama 1.7 | 12 |
| Toradh Foghlama 1.9 | 16 |
| Toradh Foghlama 2.2 | 20 |
| Toradh Foghlama 2.4 | 24 |
| Toradh Foghlama 2.6 | 28 |
| Toradh Foghlama 3.2 | 33 |
| Toradh Foghlama 3.7 | 37 |
| Toradh Foghlama 3.8 | 41 |



# SNÁITHE A HAON: AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 1.3

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘anailís a dhéanamh ar phróisis an tsíonchaithimh agus na hollghluaiseachta agus ar na tionchair atá acu ar an tírdhreach’.

## FÓCAS: Sleamhnú Láibe

Is cineál coitianta sciorrtha talún é an láibshreabhadh nó an sleamhnú láibe a tharlaíonn de ghnáth tar éis báisteach an-trom. Sáithítear an ithir le huisce sa chaoi is go ndéantar láib di, agus ansin sciorrann an láib síos le fána go tréan. Is é an sleamhnú láibe an cineál ollghluaiseachta is tapa (is éard atá i gceist le hollghluaiseacht ná ábhar scaoilte ag gluaiseacht le fána mar gheall ar an domhantarraingt). Mar a tharlaíonn i gcás maidhmeanna tuile, is féidir le sleamhnú láibe tarlú beagnach ar an bpointe boise. Ní hionann agus na maidhmeanna tuile, d’fhéadfadh an láib a bheith lán le smionagar, rud a fhágann níos deacra é snámh tríthi.

Gach bliain, titeann an-chuid báisteach throm i Siarra Leon, tír bheag in iarthar na hAfraice, atá ar cheann de phríomhthíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann (eagraíocht atá faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála). Ar an 14 Lúnasa 2017, tar éis báisteach throm a thit lá i ndiaidh lae, thug taobh an tsléibhe uaidh ar an Sugar Loaf in Freetown, príomhchathair Siarra Leon. Tharla sleamhnú láibe ar gheall air sin a scrios stráice 5 km i gceantar Regent na cathrach. Maraíodh 1,141 duine agus scriosadh 300 teach. Mar gheall gur tír í Siarra Leon ina dtarlaíodh babhtaí móra báistí riamh anall, spreag an scriosadh mór sin ceisteanna faoi chúiseanna an tsleamhnaithe láibe agus cé na cúinsí a d’fhág ní ba mheasa é.

Tá Freetown ar cheann de na cuanta nádúrtha is mó ar domhan, agus tá cónaí ar aon mhilliún duine sa chathair agus sa cheantar thart timpeall uirthi. Tháinig méadú mór ar an daonra nuair a bhog daoine ó cheantair thuaithe ag cuardach fostaíochta ag deireadh an chogaidh chathartha, a bhí ar siúl ó 1991 go 2002. Mar gheall ar an ardú tréan sin ar an daonra, cuireadh brú ar riachtanais bhunúsacha cosúil le tithíocht, leictreachas, séarachas agus uisce.

Tógadh tithe i gceantair a aithníodh mar chinn atá i mbaol, agus tógadh go leor slumaí agus lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla ar fhánaí na gcnoc taobh thiar den chathair. In ainneoin gur cruthaíodh Plean Forbartha Freetown le maoiniú ón Aontas Eorpach in 2014, is beag tábhacht a leagadh ar phleanáil cathrach. Ba mhinic nar tugadh aon aird ar na dlíthe chun tógáil neamhdhleathach a chosc, nó go bhfuarthas ceadanna tógála trí bhreabaireacht.
Leag tógálaithe na crainn sna limistéir choille faoi chosaint ar na cnoic, agus mar sin tharla creimeadh ithreach – ceann de na cúiseanna a bhí leis an sciorradh talún a tharla sa bhliain 2017.

Dar le Global Forest Watch, chaill Siarra Leon beagnach 800,000 heicteár den chumhdach foraoise sna deich mbliana sular tharla an sleamhnú láibe in Freetown, agus ba in olcas a bhí an caillteanas ag gabháil ó 2015 ar aghaidh. Tá an Sugar Loaf ar imeall Fhoraois an Limistéir Thiar, píosa talún faoi chosaint a ghabhann feadh dhroim leithinse Freetown agus ina bhfuil an-chuid speicis plandaí agus ainmhithe difriúla, cuid acu atá i mbaol. Tá an pháirc sin ann le breis agus céad bliain anuas, ach tá cuid mhaith de na cnoic atá ansin lom anois, cé go mbídís breac le crainn. An laghdú ar an gcumhdach foraoise, téann sé i bhfeidhm ar an gcumas atá ag na cnoic uisce báistí a ionsú agus an sreabhadh uisce a rialú, rud a fhágann go mbíonn ganntanas uisce ann ag amanna éagsúla i rith na bliana.

Nuair a thiteann báisteach throm, tarlaíonn tuile sna slumaí uirbeacha mar gheall ar an uisce a bheith ag rith chun srutha agus mar gheall ar an sioltachán a dhéantar ar chóras draenála na cathrach. Fágann an drochbhainistiú ar an dramhaíl an cás níos measa fós.

Bhíodh easpa acmhainní ar rialtas Shiarra Leon, agus tá fós, agus níl sé in ann bainistíocht bhunúsach a dhéanamh ar rioscaí maidir le tubaistí. Na réigiúin ina dtarlaíonn an sleamhnú láibe, bíonn siad go mór faoi bhagairt mar gheall ar an dífhoraoisiú. Coinníonn fréamhacha na gcrann an ithir ina háit féin agus, de réir mar a bhaintear na fréamhacha, is mó an seans atá ann go mbeidh an bháisteach ina cúis le sleamhnú marfach láibe. Bhí a fhios ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go raibh ceantar an Sugar Loaf i mbaol agus rinne siad iarracht crainn a chur ar fhánaí an tsléibhe díreach dhá sheachtain sular tharla an sleamhnú láibe. I mí Iúil/Lúnasa 2017, thit níos mó báistí in Freetown ná mar is iondúil an tráth sin den bhliain, rud a d’fhág go raibh an talamh sáithithe agus gur mhó an baol a bhí ann go sleamhnódh an ithir. Creideann go leor daoine gurb é an t-athrú aeráide is cúis leis an bpatrún báistí a bheith ag athrú.

Díreach tar éis na tubaiste, aistríodh na daoine a tháinig slán ón sleamhnú láibe (thart ar 3,000 duine) isteach i gcampaí sealadacha. Bhí gníomhaireachtaí neamhrialtasacha áitiúla agus idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, cosúil le Mná NA, an Clár Domhanda Bia, Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA) agus UNICEF, ag obair chun tacú leis na daoine a bhí buailte ag an tubaiste. Eagraíocht is ea Mná NA a thacaíonn le comhionannas inscne agus le cumhachtú na mban, agus thug sí amach pacaí dínite, ina raibh táirgí bunúsacha sláinte agus sláinteachais, cosúil le gallúnach, fo-éadaí agus pillíní sláintíocha. Bhunaigh na heagraíochtaí sin moil chumhachtúcháin sna campaí – ionaid ilfhreastail ina bhféadfadh daoine bualadh le chéile, tacaíocht shíceasóisialta a lorg agus teacht ar eolas agus seirbhísí an-tábhachtach, cosúil le cláir faoinar íocadh daoine in airgead tirim as obair a dhéanamh.

Gheall rialtas Shiarra Leon íocaíochtaí airgid a thabhairt do na daoine a tháinig slán agus baile nua buan a chur ar fáil dóibh, saor in aisce. Mar sin féin, níor fhéad roinnt de na daoine a tháinig slán a chruthú go mbíodh cónaí orthu ar fhánaí an tsléibhe agus níor íocadh aon airgead leo. An limistéar ina bhfuil sé beartaithe daoine a athlonnú ann, Mile Six, tá sé achar fada ón gcathair, níl aon seirbhísí iompair ag dul chuige agus níl uisce reatha ná leictreachas ann. Chomh maith leis sin, tá rialtas Shiarra Leon tar éis gabháil siar ar an ngealltanas a thug sé maidir le tithe saor in aisce a chur ar fáil agus anois tá súil aige go n-íocfaidh na daoine morgáiste ar a gcuid tithe nua.






## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**


- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 6:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar uisce agus sláintíocht agus go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe orthu
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 11:** A chinntiú go mbeidh cathracha agus lonnaíochtaí daoine cuimsitheach agus sábháilte, go mbeidh teacht aniar iontu agus go mbeidh siad inbhuanaithe
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí
- **Sprioc 14:** Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**Déan Féin É** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Breathnaigh ar an scannán 'Understanding disasters: Do it yourself experiments' (féach na Naisc thíos). Téigí ag obair ina ngrúpaí chun triail a bhaint as an turgnamh agus é a thaifeadadh.

**Mionscrúdú ar shleamhnú láibe** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)



Cóipeáil an chairt seicheamh ar dheis isteach i do chóipleabhar. Breathnaigh ar an scannán 'The mountain will fall' (féach na Naisc thíos). Breac síos nótaí agus tú ag breathnú air, agus ansin téigí ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun féachaint céard ba chúis leis an sleamhnú láibe i Siarra Leon, agus an chairt seichimh á húsáid agaibh.

**Leabharliosta** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.8*

Ullmhaigh leabharliosta, ina mbeidh trí alt nuachta ar líne ar a laghad ó fhoinsí ar féidir brath orthu, faoin sleamhnú láibe a tharla in Freetown, Siarra Leon ar an 14 Lúnasa 2017. Ba cheart eolas a bheith i gceann amháin de na hailt sin ar a laghad faoin bhail a bhí ar na daoine a tháinig slán ón sleamhnú láibe nuair a dúnadh na campaí sealadacha i mí na Samhna agus mí na Nollag 2017. Cuirigí le chéile bhur gcuid leabharliostaí ina leabharliosta ranga agus tabhair don mhúinteoir é mar acmhainn teagaisc/foghlama don ábhar seo.

**Crainn a chur in Regent** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.8*

Ar an 5 Meitheamh 2018 – Lá Comhshaoil an Domhain, agus an Lá Náisiúnta um Chur Crann i Siarra Leon – chuir na Náisiúin Aontaithe, in éineacht le gníomhaithe comhshaoil agus daoine den rialtas, searmanas siombalach ar bun chun crainn a chur san áit ar tharla an sleamhnú láibe in Regent,

Freetown.

Déan póstaer le híomhánna agus téacs chun feasacht a mhúscailt faoin tábhacht a bhaineann leis na crainn chun féachaint chuige nach dtarlóidh sleamhnú láibe.

**Ceangal a dhéanamh leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Links also to LOs 2.8 & 3.8*

Scríobh alt nuachtáin ina ndéantar ceangal idir an freagra a thug eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe ar an sleamhnú láibe i Siarra Leon in 2017 agus na 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe (féach na Naisc thíos). Ba cheart an méid seo a leanas a bheith san alt: ceannlíne, ceithre íomhá nó níos mó (agus lógó a bhaineann le Sprioc Dhomhanda amháin ar a laghad ina measc, chomh maith le pictiúr amháin ó Shiarra Leon), agus trí alt téacs ar a laghad. Ná déan dearmad cloí leis an gcóipcheart: ní mór duit aitheantas a thabhairt d'fhoinsí na n-íomhánna i do chuid oibre. Taispeáin an chéad dréacht do scoláire eile i do rang agus cuir an t-aiseolas (cuiditheach) uaidh nó uaithi san áireamh agus an leagan deiridh den alt á scríobh agat.

**Preasráiteas** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.8*

Samhlaigh gur fostaí sa tseirbhís phoiblí thú atá ag obair sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil. Iarradh ort preasráiteas gearr a scríobh thar ceann na Roinne mar gheall ar shleamhnú láibe atá díreach tar éis tarlú. Ní mór don phreasráiteas a bheith bunaithe ar thaighde atá dírithe ar shleamhnú láibe as a measc seo a leanas: Iorras, Co. Dhún na nGall – 2017; Dún Bleisce, Co. Luimnigh – 2014; Ladhar an Chrompáin, Co. Chiarraí – 2008; iarthuaisceart Mhaigh Eo – 2003. Ba cheart trí alt ar a laghad a bheith sa phreasráiteas, ina bhfuil sonraí faoi chúiseanna agus tionchar an tsleamhnaithe láibe agus faoin tacaíocht a thabharfaidh an Roinn do dhaoine atá buailte ag an tubaiste.

Caithigí vóta chun na 3 phreasráiteas is fearr sa rang a roghnú agus seol chuig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil iad, le teachtaireacht ríomhphoist ina mínítear an méid atá foghlamtha agaibh faoin ábhar seo.

## Naisc

**Déan Féin É:** Saferworldcomm (2013), 'Understanding disasters: Do it yourself experiments: Landslides' (1.37 nóiméad): **https://www.youtube.com**

**Mionscrúdú ar shleamhnú láibe:** Paul Glynn & Banyak Films (2017), 'The mountain will fall' (25.00 nóiméad): **https://www.aljazeera.com**

**Crainn a chur in Regent:** Scéal grianghraf de chuid na Náisiún Aontaithe, Siarra Leon, 'Reforesting Regent': **https://unsierraleone.exposure.co/ reforesting-regent?more=true**

**Ceangal a dhéanamh leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe:**

- Freagra ó na Náisiúin Aontaithe ar an sleamhnú láibe i Siarra Leon: **https://unsierraleone.exposure.co/sierra-leone-landslide**
- 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe: www.globalgoals.org

**Preasráiteas:** Sonraí teagmhála na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil: **https://www.dccae.gov.ie**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**

# SNÁITHE A HAON: AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ


## Toradh foghlama mar thús aistir = 1.7

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'iniúchadh a dhéanamh ar chruthú agus ar iompar teagmhais aimsire shuntasaigh'.

## FÓCAS: Tonnta teasa

Is é an sainmhíniú atá againn anseo in Éirinn ar thonn teasa ná cúig lá as a chéile ina bhfuil an teocht os cionn 25 chéim ar fud na tíre. Ba fhrithchioclón (córas aimsire a bhfuil ardbhrú baraiméadrach ina lár, agus an t-aer ag gabháil timpeall air ar deiseal sa leathsféar thuaidh agus ar tuathal sa leathsféar theas) an chúis a bhí leis an tonn teasa a bhí againn in Éirinn i samhradh na bliana 2018. Aníos ó na hAsóir (oileáin de chuid na Portaingéile i lár an Atlantaigh) a tháinig an tonn teasa sin chugainn. Mar gheall ar an bhfrithchioclón sin, bhí an ghrian in ann an domhan a théamh agus, dá bhrí sin, théigh an domhan an t-aer agus d'ardaigh an teocht.

Ba i gCill Chainnigh a taifeadadh an teocht is airde riamh in Éirinn, i mí an Mheithimh 1887, tráth a raibh teocht 33.3 céim Celsius ann. Ar an 28 Meitheamh 2018, thomhais an stáisiún aimsire in Aerfort na Sionainne teocht 32 chéim Celsius. D'eisigh Met Éireann cúpla rabhadh teasa buí i Meitheamh agus Iúil na bliana 2018, agus é ag súil le teocht uasta níos airde ná 27 gcéim (an critéar i gcomhair an rabhaidh sin). Eisítear rabhadh aimsire buí chun fógra a thabhairt dóibh siúd atá i mbaol mar gheall ar an áit a bhfuil siad nó mar gheall ar an ngníomhaíocht atá ar bun acu, agus sa chaoi is go mbeidh siad in ann bearta a dhéanamh chun iad féin a chosaint.




Fíor 4: Ionsamhlú ar na teochtaí uasta ar an 21 Iúil 2018.
Grianghraf: Athanailíseoir Aeráide/Institiúid um Athrú Aeráide/Ollscoil Maine

Ar an 30 Meitheamh 2018, d'eisigh Met Éireann rabhadh triomaigh. Is é an sainmhíniú atá againn ar 'dearbhthriomach' ná 15 lá as a chéile ar a laghad ina dtiteann níos lú ná 0.2 mm báistí. Níl catagóir ar bith ag Met Éireann i gcomhair triomaigh, agus eisíodh an rabhadh sin faoi chatagóir na báistí, rud a thaispeánann cé chomh neamhghnách agus a bhí an aimsir sin. Ar an 6 Iúil 2018, d'eisigh Uisce Éireann fógra náisiúnta ag cur cosc ar phíobáin uisce a úsáid, sa chaoi is go bhféadfaí an méid uisce a bhí fágtha sna taiscumair a spáráil. Is minic a thagann tonn teasa agus triomach le chéile. An triomach a tharla i samhradh na bliana 2018, ba cheann sách gearr é ach bhí sé go dona, agus leagadh béim dá bharr ar an infheistíocht bhreise atá ag teastáil sa chóras uisce.

Bhí an tonn teasa in Éirinn ag teacht le treocht níos forleithne maidir le teochtaí an-ard i samhradh na bliana 2018. Taifeadadh an teocht ab airde, 51.3 céim Celsius, ar an 5 Iúil 2018 ag stáisiún aimsire in Ouargla, san Ailgéir. Mar gheall ar an teas ollmhór ar domhan, bhí daoine buartha faoi na barra sa tSín, tharla tinte foraoise sa Phortaingéil, sa Spáinn, sa tSualainn, san Iorua agus i gCianoirthear na Rúise, b'éigean eitiltí a chur ar ceal sna Stáit Aontaithe, leádh tarmac ar na bóithre sa Ríocht Aontaithe agus d'ardaigh na rátaí báis i gCeanada agus sa tSeapáin.
Chomh maith leis sin, mar gheall ar na tonnta teasa ar fud an domhain:

- bhí borradh faoi ghiniúint cumhachta gréine i dtíortha cosúil leis an nGearmáin
- b'éigean stáisiúin cumhachta núicléacha a dhúnadh sa Fhrainc agus sa tSualainn, ós rud é go n-úsáideann siad uisce chun imoibreoirí a fhuarú
- bhí ganntanas cumhachta in California mar gheall ar an úsáid mhór a baineadh as na haerchóiritheoirí
- bhí na halgaí tocsaineacha sa Mhuir Bhailt faoi bhláth go tréan, rud a chuidigh le heolaithe baictéir a bhailiú le haghaidh taighde leighis a dhéanamh
- cuireadh isteach ar an bhfásra, rud a d'fhág go raibh dróin agus satailítí in ann íomhánna a fháil de dhéantáin seandálaíochta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe

Ag breathnú orthu le chéile, tá na teochtaí sin a taifeadadh ag teacht leis na teochtaí arda a mheasann eolaithe a bheidh ag tarlú mar gheall ar an ghné den athrú aeráide arb iad na daoine is cúis leis (féach leathanaigh 28-29). Ag brath ar cé chomh héifeachtach a bheidh na hiarrachtaí a dhéanfaimid astaíochtaí a laghdú, is féidir linn a bheith ag súil le líon níos mó tonnta teasa, cinn níos teo agus cinn a sheasfaidh níos faide.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**

- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 6:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar uisce agus sláintíocht agus go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe orthu
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí



## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**An teocht a thomhas** (Gné den snáithe: ST)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.8*

Ag an am céanna gach lá ar feadh míosa, bain úsáid as teirmiméadar mearcair chun an teocht a thomhas i dtimpeallacht faoi scáth taobh amuigh. Breac síos do chuid sonraí agus coinnigh iad.

Tar éis míosa, tarraing graf líne chun na sonraí a léiriú, leis na dátaí ar an ais chothrománach agus na teochtaí ar an ais ingearach.

Ríomh meánteocht na míosa trí na luachanna a taifeadadh gach lá a shuimiú le chéile agus a roinnt ar líon iomlán na laethanta sa mhí.

Déan comparáid idir meánteocht an aeir faoi scáth agus na luachanna is airde/is ísle i leith mheánteocht an aeir faoi scáth in Éirinn an mhí chéanna sin (féach na Naisc thíos).

**San am atá thart?** (Gné den snáithe: ST)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.3*

Oibrígí le chéile ina ngrúpaí beaga chun taighde a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil ceangal idir ceann de na déantáin seandálaíochta seo a leanas agus an tonn teasa a tharla i samhradh na bliana 2018:

- Heinse Neoiliteach i Sí an Bhrú, Co. Lú
- An Caisleán Dubh a bhíodh ann fadó san áit a bhfuil Caisleán Bhiorra i gContae Uíbh Fhailí anois
- An teach ina gcónaíodh Naomh Oilibhéar Pluincéad fadó, i gCo. na Mí

Úsáid an teicneolaíocht (PowerPoint, Prezi nó a leithéidí) chun do chuid torthaí a chur i láthair rang eile Tíreolaíochta nó Staire sa tsraith shóisearach.

***An scéala is nuaí*** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.8*


Déan taighde ar thuairiscí nuachta faoi thionchar na toinne teasa a tharla i samhradh na bliana 2018 in Éirinn agus in áiteanna eile. Déan na samplaí éagsúla tionchair a aicmiú de réir na Spriocanna Domhanda ábhartha don Fhorbairt Inbhuanaithe.

**Babhta adhaimsire** (Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.8*

Tá Met Éireann ina bhall de Líonra Seirbhísí Meitéareolaíochta na hEorpa (EUMETNET). Tá suíomh gréasán ag EUMETNET darb ainm www.meteoalarm.eu, ina dtugtar léargas ar na babhtaí adhaimsire atá ann faoi láthair i roinnt de thíortha na hEorpa, agus Éire ina measc.

Logáil isteach ar www.meteoalarm.eu.

Bain úsáid as an léarscáil idirghníomhach agus an tábla chun taighde a dhéanamh ar thír ina bhfuil babhta adhaimsire faoi láthair (stádas buí, oráiste nó dearg). Samhlaígí go bhfuil sibh ag obair do sheirbhís phoiblí aimsire na tíre sin (amhail Met Éireann).



Fíor 5: Foláireamh drochaimsire ón meteoalarm ar an 4 Eanáir 2019

Téigí ag obair ina ngrúpaí beaga agus ullmhaígí rabhadh chun muintir na tíre sin a chur ar an eolas faoin mbabhta adhaimsire atá rompu. Déanaigí aisteoireacht ar an rabhadh adhaimsire le

téarmaíocht agus fearais chuí lena chur i luí ar an bpobal nach mór dóibh a bheith cúramach. Mar spreagadh, breathnaígí ar 'Storm surge like you've never experienced it before' (féach na Naisc thíos).

**An adhaimsir sa tír seo** (Gnéithe de na snáitheanna: PPPS agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.6 agus 3.7*

Aimsigh grianghraif a tógadh le linn babhta adhaimsire (drochaimsir amach is amach) in Éirinn (mar shampla, an tonn teasa a tharla i samhradh na bliana 2018; An Sioc ar Buile – nó *The Beast from the East*, mar a tugadh air sna meáin Bhéarla – a tharla i mí an Mhárta 2018). Bheadh grianghraif a thóg tú féin feiliúnach, nó cinn a thóg duine muintire leat nó cairde leat, nó íomhánna a gheobhaidh tú ar líne. Ná déan dearmad cloí leis an gcóipcheart: ní mór duit aitheantas a thabhairt d'fhoinsí na n-íomhánna i do chuid oibre.

Cuir fotheideal leis na pictiúir agus cruthaigh colláis mhór ranga faoin teideal 'An adhaimsir sa tír seo'.

Déan comparáid idir an chaoi ar chuir babhtaí adhaimsire isteach oraibh féin agus cás na ndaoine óga i dtíortha sa Domhan Theas.

**Mar fhocal scoir...** (Gné den snáithe: an Inbhuanaitheacht)
*Links also to LOs 1.6, 1.8 & 2.6*

Déan staidéar ar an ngraf atá ag NASA ina léirítear na hathruithe atá tagtha ar theocht an domhain idir 1884 agus 2017 (féach na Naisc thíos).

Déan machnamh ar an eolas a chuirtear i láthair ansin, agus ansin téigí ina mbeirteanna agus críochnaígí an abairt seo a leanas: 'Mar fhocal scoir, ceapann mé… agus mar gheall air sin, tá sé ar intinn agam…'

## Naisc

**An teocht a thomhas:**

- Met Éireann, taifid adhaimsire: **https://www.met.ie/climate/weather-extreme-records/**

**An scéala is nuaí:**

- Na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe: **https://www.globalgoals.org**

**Babhta adhaimsire:**

- Met Éireann – babhtaí adhaimsire: **https://www.met.ie/climate/major-weather-events**
- Líonra Seirbhísí Meitéareolaíochta na hEorpa (EUMETNET) – rabhaidh faoin adhaimsir ar fud na hEorpa faoi láthair: **http://www.meteoalarm.eu/**
- Cainéal aimsire (SAM), 'Storm surge like you've never experienced it before,' reamhfhaisnéis ina n-úsáidtear teicneolaíocht scáileáin ghlais thimfhillte lena léiriú an chontúirt a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar Spéirling Florence agus í ag teannadh le cósta Carolina Theas i mí Mheán Fómhair 2018: **https://www.youtube.com**

**Mar fhocal scoir:**

- Graf de chuid NASA ina léirítear na hathruithe atá tagtha ar theocht an domhain: **https://climate.nasa.gov/interactives/climate-time-machine**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Nuair a luaimid URL suímh ghréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**

# SNÁITHE A HAON:
# AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 1.9

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha **acmhainní fuinnimh** a ghineann an domhan fisiceach’.

## FÓCAS: Foinsí in-athnuaite fuinnimh le hAis foinsí neamh-inathnuaite fuinnimh

Tá gá le hacmhainní fuinnimh chun **leictreachas a ghiniúint** agus tithe a théamh, meaisíní tionsclaíocha a rith agus carranna agus feithiclí iompair eile a choinneáil ar na bóithre.

Ní féidir **foinsí in-athnuaite fuinnimh** a ídiú choíche. Samplaí d’fhoinsí in-athnuaite fuinnimh is ea: fuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine, hidreafhuinneamh (a ghineann uisce atá ag titim nó ag rith go tapa), fuinneamh geoiteirmeach (a ghineann teas inmheánach an domhain), fuinneamh bithmhaise (a ghintear trí ábhar orgánach a dhó – níl sé in-athnuaite ach amháin má chuirtear na barra arís) agus fuinneamh taoide (a ghineann na tonnta). Amhail an bhliain 2015, is ó fhoinsí in-athnuaite a fuair an domhan 17.5% den mhéid iomlán fuinnimh a d’ídigh sé, agus tháinig 9.6% de sin ó fhuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh hidreachumhachtach, fuinneamh gréine agus fuinneamh gaoithe. Úsáideadh cineálacha seanbhunaithe bithmhaise don chuid eile den fhuinneamh (cosúil le hadhmad tine agus gualach).

Ní dhéanfar foinsí neamh-inathnuaite fuinnimh a athghiniúint le linn ár saoil féin. Bunaítear na foinsí fuinnimh sin thar na milliúin bliain. Faigheann plandaí agus ainmhithe bás, ach bíonn fuinneamh ceimiceach fós ina gcuid iarsmaí. Cuirtear sa talamh iad agus caomhnaítear iad, agus thar na cianta, athraítear na hiarsmaí ina ngual, ina ngás, ina n-ola agus ina móin. Ós rud é go mbíonn iarsmaí plandaí agus ainmhithe sna cineálacha breosla sin, tugtar ‘breoslaí iontaise’ orthu.

Bíonn cur agus cúiteamh ann maidir le cé acu an bhfuil fuinneamh núicléach in-athnuaite nó nach bhfuil. Iad siúd a deir go bhfuil sé in-athnuaite, tá sé á mhaíomh acu go mbíonn astaíochtaí carbóin an-íseal ag stáisiúin núicléacha, agus go bhfágann an méid beag úráiniam a úsáidtear san eamhnú núicléach gur féidir é a aicmiú mar fhuinneamh in-athnuaite. Is é an dearcadh eile atá ann ná nach bhfuil ach méid áirithe taiscí úráiniam ar domhan, agus má táimid chun iad a aicmiú mar fhuinneamh in-athnuaite, níor mhór an oiread úráiniam a bheith ann a sheasfadh go brách.

Dá mbeadh gach duine ag maireachtáil go hinbhuanaithe, bheifí ag brath go mór ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus bhainfí úsáid as an bhfuinneamh ar bhealach glan, éifeachtach. Ní dhéanfaí mórán dochair don chomhshaol, dá mba dhochar ar bith (sé sin, astaíochtaí carbóin is cúis leis an athrú aeráide, fadhbanna le caighdeán an aeir agus báisteach aigéadach). Freisin, ní mór don fhuinneamh inbhuanaithe a bheith ar fáil ar phraghas réasúnta, do theaghlaigh, do scoileanna agus do ghnólachtaí agus institiúidí ar fud an domhain.

In 2018, sheol Rialtas na hÉireann an tionscadal Éire 2040, beartas pleanála fadtréimhsí, a bhfuil Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide san áireamh leis. Tá sé i gceist leis an gciste sin an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá géarghá leis sin mar gheall ar an ndroch-cháil atá ar Éirinn mar thír nach bhfuil ag coinneáil suas leis na hiarrachtaí cur i gcoinne an athraithe aeráide. Léiríonn sonraí a d’fhoilsigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann in 2018 go bhfuil an teascóg chónaithe in Éirinn, a ídíonn 25% dár n-astaíochtaí ón bhfuinneamh, beagnach 60 faoin gcéad níos measa ná meán an Aontais Eorpaigh ó thaobh na n-astaíochtaí. Sin mar gheall ar an oiread guail, móna agus ola a úsáidtear sna tithe*.

* Cuid mhór den ghual a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint in Éirinn, is ó mhianaigh sa Cholóim a thagann sí. Tá imní ar dhaoine le tamall anuas faoi chearta comhshaoil agus cearta an duine i dtaobh na mianach sin.

I gcomparáid leis sin, tá billiún duine – nó 13% de dhaonra an domhain, 7.6 billiún duine – gan leictreachas ar bith. Cónaíonn formhór na ndaoine sin i gceantair thuaithe san Afraic fho-Shahárach, san Áise Láir agus san Áise Theas. Tabharfaidh an Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide tacaíocht do thionscadail in Éirinn, mar shampla tionscadail chun tithe agus foirgnimh ghnó a théamh le dramhaíl feirme agus dramhbhia, agus chun an córas iompair phoiblí a athrú sa chaoi is gur le leictreachas a oibreoidh sé.

Is í Éire an chéad tír a dhífheistigh airgead poiblí ó shócmhainní breosla iontaise: thug na páirtithe éagsúla tacaíocht don Bhille um Dhífheistiú Breosla Iontaise agus ritheadh an vóta cinniúnach sin sa Dáil i mí Iúil 2018. Is éard atá i gceist le dífheistiú breosla iontaise ná airgead nó caipiteal infheistíochta a bhaint as stoic, bannaí nó cistí a bhfuil baint acu le cuideachtaí ola, guail agus gáis. An chéad uair a cuireadh in aghaidh an Bhille um Dhífheistiú Breosla Iontaise le linn na chéad díospóireachta Dála (Eanáir 2017), luadh an pointe go mbeadh iarmhairtí neamhbheartaithe aige i dtaobh shlándáil fuinnimh na hÉireann agus i dtaobh cuideachtaí fuinnimh leathstáit cosúil le Bord na Móna.

Ó bunaíodh in 1946 é, tá Bord na Móna tar éis móin a bhaint ar bhonn tráchtála as portaigh ardaithe (portaigh ina bhfuil an mhóin níos doimhne faoin talamh ná mar a bhíonn sna bratphortaigh). Mar sin féin, baineann fadhbanna leis an móin mar bhreosla agus ó thaobh cumhacht a ghiniúint, mar nach breosla an-éifeachtach í, go scaoileann sí CO2, agus gur lú an cumas a bheidh ag tírdhreach na hÉireann carbóin a stóráil má bhaintear an mhóin. Faoin mana 'naturally driven', tá sé geallta ag Bord na Móna go stopfaidh siad ag táirgeadh móna le haghaidh fuinnimh faoin mbliain 2030, agus gheall siad freisin go gcuideoidh siad spriocanna na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach trí thionscadail ghaoithe agus ghréine a chur ar bun.

Na tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe cosúil leo siúd a shamhlaítear faoin gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide – ag teacht le tiomantas na hÉireann do dhífheistiú ó bhreoslaí iontaise agus le clár oibre inbhuanaitheachta Bhord na Móna – is céim sa treo ceart iad chun gealltanais na tíre seo a chomhlíonadh maidir le Sprioc Dhomhanda 7 agus maidir le Comhaontú Pháras 2015 faoin Athrú Aeráide. Mar sin féin, tá go leor le déanamh fós sa chaoi is nach mbeimid ar an tír is measa san Eoraip ó thaobh déileáil leis an athrú aeráide (rangú na bliana 2018), agus nach mbeimid ar cheann den dá thír san Aontas Eorpach nach mbainfidh amach a cuid spriocanna chun astaíochtaí a laghdú faoin 2020.



## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**

- **Sprioc 7:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar fhuinneamh ar phraghas réasúnta, atá iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**Tábla buntáistí agus míbhuntáistí**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Le Word, Excel nó a leithéidí, déan tábla a thaispeánann na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le foinsí éagsúla fuinnimh, chomh maith le fíricí spéisiúla fúthu. Ní mór ar a laghad dhá fhoinse in-athnuaite fuinnimh agus dhá fhoinse neamh-inathnuaite fuinnimh a bheith sa tábla.

| Foinse fuinnimh | Buntáistí | Míbhuntáistí | Fíric spéisiúil |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**Comhad fíricí tíre** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Téigí ag obair ina mbeirteanna chun comhad fíricí (leathanach amháin) a chur le chéile i leith:

- tír a tháirgeann ola (an Araib Shádach, mar shampla)
- tír a bhíonn ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise (Éire, mar shampla)
- tír atá diongbháilte ina cuid iarrachtaí aistriú chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh (an Íoslainn nó Cósta Ríce, mar shampla)

Socraíodh an rang céard iad na critéir lena n-aithneofar comhad fíricí tíre maith. Déanaigí leabhar as na comhaid fíricí tíre agus bíodh an lógó a ghabhann le Sprioc Dhomhanda 7 (Fuinneamh glan inacmhainne) ar an gclúdach tosaigh. Tugaigí an leabhar sin don scoil nó do leabharlann an cheantair.

**Naturally driven?** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.3*

Úsáideann Bord na Móna an mana ‘naturally driven’ chun béim a chur ar an gclár oibre inbhuanaitheachta atá aige. Déan iniúchadh ar ghníomhaíochtaí de chuid Bhord na Móna (cinn a rinneadh san am atá caite, cinn atá ar bun faoi láthair agus cinn atá beartaithe) agus déan machnamh ar cé acu is ar mhaithe le caidreamh poiblí a úsáideann siad an mana sin nó an léiríonn sé i ndáiríre go mbeidh an eagraíocht ag dul i dtreo cur chuige níos inbhuanaithe feasta.

Eagraigh díospóireacht ranga ar an rún seo a leanas: Is maith mar a oireann an mana ‘naturally driven’ do Bhord na Móna.

**Déan an mata!** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.3*

Tá 7.6 billiún duine ar domhan faoi láthair. Tá aon bhilliún duine – nó 13% de dhaonra an domhain – gan leictreachas ar bith. Measann na Náisiúin Aontaithe go mbeidh daonra an domhain chomh mór le 9.8 billiún faoi 2050. Déan amach cé mhéad duine a bheidh gan leictreachas faoi 2050 má choinnítear leis na treochtaí reatha.

**Meaitseáil lógó** (Gnéithe de na snáitheanna: PPPS agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.2*



Logáil isteach ar www.globalgoals.org. Cliceáil ar Sprioc Dhomhanda 7 (Fuinneamh glan inacmhainne) agus scrollaigh síos go dtí na spriocanna. Faigh an téacs a mheaitseálann an lógó a ghabhann leis na cuspóirí seo faoi Sprioc Dhomhanda 7:

Nuair a bheidh gach lógó meaitseáilte leis an téacs ceart agat, cuir an téacs sin i d’fhocail shimplí féin.

**Leideanna maidir le tomhaltas fuinnimh**
(Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.2*

Téigí ag obair ina ngrúpaí beaga chun bileog leideanna a chur le chéile do dhaoine óga faoi conas dul i dtreo fuinneamh inbhuanaithe a úsáid sa bhaile agus ar scoil. Cuirigí ina luí ar lucht bainistíochta na scoile na leideanna is fearr a fhoilsiú i leathanach tomhaltais fuinnimh i ndialann nó iris scoile na bliana seo chugainn.

**Cur i láthair piaraí** (Gnéithe de na snáitheanna PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Déan achoimre i gcur i láthair ar a bhfuil foghlamtha agat faoi chineálacha éagsúla foinsí fuinnimh.

Cuir i láthair os comhair rang Eolaíochta sa tsraith shóisearach é agus iarr orthu comparáid a dhéanamh idir an cur i láthair agus an méid atá foghlamtha acu faoi fhoinsí fuinnimh sa rang Eolaíochta.

## Naisc

- **Naturally driven?:** Bord na Móna: https://www.bordnamona.ie/
- **Meaitseáil lógó:** 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe (agus cuspóirí i leith gach Sprice): http://www.globalgoals.org

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ: Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**

# SNÁITHE A DÓ:
# AN CHAOI A NDÉANAIMID TEAGMHÁIL LEIS AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 2.2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a ghabhann le saothrú carraige agus acmhainní fuinnimh'.

## FÓCAS: Scoilteadh Hiodrálach (Fraiceáil)

Is teicníc í an Fhraiceáil, nó an scoilteadh hiodrálach, a mbaintear úsáid aisti chun gás agus ola a aisghabháil ó charraig scealla. Is éard atá i gceist leis an bhfraiceáil ná an próiseas trína ndruileáiltear síos sa talamh, agus ansin a gcuirtear meascán uisce, gaineamh agus ceimiceán faoi ardbhrú isteach sa charraig. Ar an gcaoi sin, brúitear amach an gás nó an ola atá sa charraig. Tagann an téarma 'fraiceáil' ón mBéarla 'fracture': déantar an charraig a bhriseadh le linn an phróisis. Bíonn imní ar an iomaí duine faoin bhfraiceáil mar bhealach chun breosla iontaise a eastóscadh mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag an bpróiseas sin ar shláinte an duine, ar cháilíocht an uisce agus an aeir, agus ar an mbithéagsúlacht.

In 2017, tar éis blianta gníomhaíochta agus abhcóideachta, chuir Éire cosc ar fhraiceáil i dtír mór, mar a bhí déanta ag an bhFrainc agus ag an mBulgáir roimpi. Sa Bhille um Fhorbairt Peitriliam agus Mianraí Eile (Toirmeasc ar Scoilteadh Hiodrálach i dTír Mór), 2017, tugtar cosaint d'áiteanna ina bhfuil scealla agus gaineamhchloch dhocht sil-leagtha go fairsing ar fud chontaetha Shligigh, Liatroma, Ros Comáin, Dhún na nGall agus an Chláir. In áiteanna eile ar domhan, tugtar tús áite do bhuntáiste eacnamaíoch na fraiceála thar ábhair imní eile.

Tá an-chuid biotúmain nó amhola thar a bheith trom i ngaineamh ola Alberta, in iarthar Cheanada. Is i ngaineamh ola Alberta atá an tríú stoc ola is mó ar domhan, sna sála ar Veiniséala agus an Araib Shádach. Sa bhliain 2017, bhí thart ar 140,300 duine in earnáil na hola fostaithe i gCeanada. An limistéar a bhfuil mianadóireacht á déanamh ann anois i gcomhair ola, tá sé chomh mór le hÉirinn.

Thíos le sruth ón oibríocht mianadóireachta dromchla agus fraiceála, ar bhruach Loch Athabasca, tá Fort Chipewyan, baile iargúlta. Áit álainn is ea 'Fort Chip', mar a thugtar air, atá i gcian-oirthuaisceart Alberta. Sa gheimhreadh is féidir dul ann ar an mbóthar oighir – bóthar atá ann a bhuí le haimsir chrua an tuaiscirt. Sa samhradh, is féidir dul ann ar eitleán beag. Formhór na ndaoine a bhfuil cónaí orthu ansin, is dream de na Méti nó de lucht an Chéad Náisiúin iad – is é sin, Ceanadaigh dhúchasacha a bhíonn ag brath ar mhodhanna traidisiúnta chun breith ar ainmhithe i ngaiste agus ar mhodhanna traidisiúnta sealgaireachta agus iascaireachta, agus ag piocadh caor.

In 2000, tháinig an Dr John O'Connor, arb as Luimneach ó dhúchas dó – nó an Dr O mar a thugann muintir na háite air – go Fort Chip, le bheith ina dhochtúir teaghlaigh sa phobal beag 1,200 duine a bhfuil cónaí orthu ansin. Thosaigh daoine ag rá leis go raibh imní orthu faoi rátaí arda ailse i measc an phobail. Rinne seisean rud nach ndearna aon strainséir roimhe sin: d'éist sé leo. Ansin labhair sé amach faoi. Mar gheall air sin, rinne údaráis sláinte Cheanada gearáin ina aghaidh.
Tháinig droch-cháil air de bharr gearán amháin díobh sin – 'ag cur imní gan chúis ar an bpobal' – ar feadh cúig bliana. Chuaigh an Dr O'Connor, gnáthdhochtúir teaghlaigh, i mbun feachtas gan staonadh agus i mbun gníomhachais ar son na bpobal dúchasach i gCeanada.

Tá daoine fós ag cur i gcoinne ghaineamh ola Alberta anois féin. I mí Lúnasa 2018, bhris an scéal gur chuir Cúirt Achomhairc Chónaidhme Cheanada i gcoinne fhaomhadh na píblíne trasna na sléibhte, píblíne ar bhain conspóid mhór léi, a chosnódh $7.4 billiún agus a d'fhágfadh go mbeadh beagnach trí oiread ola ag sreabhadh ó ghaineamh ola Alberta go calafort in aice le Vancouver, British Columbia, a bhíonn ag freastal ar thancaeir ola.

Rialaigh an chúirt nach ndeachaigh Bord Náisiúnta Fuinnimh an rialtais i gcomhairle ar shlí chuimsitheach go leor leis an bpobal dúchais feadh bhealach na píblíne, ná nach ndearna sé measúnú ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar an uisce amach ó chósta British Columbia. Bhí díomá ar cheannairí tionscail i gCeanada faoi chinneadh na cúirte, agus luaigh siad an dochar a dhéanfaí dá bharr don cháil atá ar an tír thar lear agus dá cumas infheistíocht a mhealladh ó thíortha eile. Bua mór a bhí i rialú na cúirte, dar le gníomhaithe comhshaoil agus gníomhaithe ar son na bpobal dúchais.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**

- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 7:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar fhuinneamh ar phraghas réasúnta, atá iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha
- **Sprioc 9:** Bonneagar a bhfuil teacht aniar ann a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí
- **Sprioc 15:** Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta.




## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**Fraiceáilte craiceáilte?** (Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.3*

Cuardaigh an dá fhíseán ghearra seo a leanas agus breathnaigh orthu: 'What is fracking?' agus 'Fracking: opportunity or danger' (féach na Naisc thíos).


Críochnaigh an abairt seo a leanas as do stuaim féin: Baineann conspóid leis an bhfraiceáil mar gheall...

Téigh i bpáirt le duine amháin eile agus déanaigí comparáid idir na habairtí. Scríobhaigí abairt a n-aontaíonn an bheirt agaibh léi agus pléigí na habairtí sin le grúpa beag scoláirí eile. Roghnaígí abairt an ghrúpa, agus ansin insígí an abairt sin don chuid eile den rang.

**Réimsí na Forbartha Inbhuanaithe**
**(**Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Is iad an tsochaí, an geilleagar agus an comhshaol trí cholún na forbartha inbhuanaithe. Is éard a bhíonn i gceist againn leis an tsochaí ná na daoine go léir, sláinte, oideachas, pobail agus mar sin de. Clúdaíonn an geilleagar poist, earraí agus seirbhísí, soláthar airgid agus mar sin de. Baineann an comhshaol leis an bpláinéad seo a chothaíonn muid (an t-aer a análaímid, neacha beo ar an talamh agus san uisce agus mar sin de).

Tarraing **dhá** léaráid Venn, a mbeidh trí chiorcal fhorluiteacha i ngach ceann acu, mar a léirítear thíos:




Bain úsáid as Léaráid Venn amháin chun na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann leis an bhfraiceáil a thaispeáint, agus taispeáin na hiarmhairtí dearfacha ar an gceann eile. I ngach Léaráid Venn, líon isteach dhá iarmhairt ar a laghad i leith gach ceann de na trí réimse.
Má bhaineann iarmhairtí le dhá nó trí réimse éagsúla, scríobh isteach iad sa spás forluiteach (an idirmhír) idir na réimsí ábhartha.

Téigí ina mbeirteanna agus déanaigí comparáid idir na léaráidí Venn. Cuir le do léaráid féin iarmhairtí diúltacha agus dearfacha a bhí ag an té atá i bpáirt leat agus nach raibh agatsa, má aontaíonn tú leo.

Glac páirt i bplé ranga agus i vóta faoi cé acu is iarmhairtí dearfacha nó iarmhairtí diúltacha a bhíonn ag an bhfraiceáil tríd is tríd.

**Clár faisnéise** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Bain úsáid as Google Maps agus as an amharc satailíte chun Fort Chipewyan a aimsiú ar bhruacha Loch Athabasca in Alberta, Ceanada. Scrúdaigh na grianghraif de Fort Chip agus Loch Athabasca ar Google Maps.

Éist leis an gclár faisnéise raidió ‘Undue alarm’ (féach na Naisc thíos), agus breac síos nótaí agus tú ag éisteacht leis.

Glac páirt i bplé ranga lena chinneadh ar chothaigh an Dr John O'Connor 'imní mhíchuí' nuair a chuir sé ábhair imní in iúl faoi shláinte agus folláine na ndaoine mar gheall ar an oibríocht eastósctha sa Ghaineamh Ola in Alberta.

**Sa phíblíne** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS agus ST)

Déan cuardach ar Google le haghaidh píosaí scannáin nuachta (físeáin) a bhaineann leis an bpíblíne thras-sléibhe i gCeanada (d'fhéadfá triail a bhaint as focail cosúil leo seo a leanas: Canada, TransMountain pipeline, environmental, economic, First Nation, Kinder Morgan, Justin Trudeau).

Breathnaigh ar thrí fhíseán ar a laghad ó asraonta nuachta éagsúla agus socraigh cén ceann is fearr a léiríonn an raon tuairimí éagsúla atá ag daoine sa díospóireacht faoin bpíblíne. Taispeáin an físeán nuachta sin sa rang, agus mínigh cén fáth gurb é sin an ceann a roghnaigh tú.

**Tabhair do bhreithiúnas féin**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Samhlaigh go raibh tusa ar dhuine de na triúr breithiúna sa Chúirt Chónaidhme i gcás na píblíne tras-sléibhe. Scríobh achoimre ghearr ar do bhreithiúnas ar an gcás.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith san achoimre: abairt amháin ar a laghad ina bhfuil do bhreithiúnas deiridh, agus alt ina míneoidh tú an breithiúnas sin, agus tú ag tagairt do na hiarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bheadh ag an bpíblíne.

## Naisc

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**


**Fraiceáilte craiceáilte?**

- How stuff works (2015) 'What is fracking?' (3.00 nóiméad): **https://www.youtube.com**
- 'Fracking: opportunity or danger' (5.03 nóiméad): **https://www.youtube.com**

**Clár faisnéise:**

- Google maps: **https://www.google.ie/maps/**
- Nicoleen Greer (2013), 'Undue alarm: How an Irish doctor came face to face with the biggest industrial project on the planet' (37.29 nóiméad): **www.rte.ie/radio1/doconone/**

**Cad is fraiceáil ann?**



# SNÁITHE A DÓ:
# AN CHAOI A NDÉANAIMID TEAGMHÁIL LEIS AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 2.4

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'measúnú a dhéanamh ar shaothrú inbhuanaithe an uisce, na stoc éisc, na foraoiseachta, agus na hithreach mar acmhainní nádúrtha'.

## FÓCAS: An Ithir

Sraith thanaí ábhar scaoilte is ea an ithir, a chlúdaíonn cuid de dhromchla an domhain. Tá sí déanta as cúig phríomhábhar:

1. **Ábhar mianrach**, cosúil le clocha, gaineamh, cré agus siolta, mar gheall ar shíonchaitheamh agus creimeadh na gcarraigeacha.
2. Tuaslagann **an t-uisce** na mianraí agus na cothaithigh san ithir agus ansin tógann na plandaí isteach iad trína bhfréamhchórais chun cabhrú leo fás.
3. Bíonn **aer** sna spásanna idir na cáithníní ithreach, agus is uaidh a fhaigheann na plandaí agus na feithidí ocsaigin agus nítrigin.
4. **Orgánaigh bheo** cosúil le péisteanna talún agus feithidí eile, miocrorgánaigh cosúil le baictéir agus fungais. Meascann siadsan an ithir le chéile trí thochailt inti agus neacha beo agus plandaí a bhriseadh síos chun húmas a dhéanamh.
5. Is substaint dhorcha, cosúil le glóthach é **húmas** atá lán le cothaithigh mar go bhfuil iarsmaí lofa plandaí, ainmhithe agus feithidí ann. Cuidíonn an húmas an ithir a choinneáil le chéile agus cuireann sé le torthúlacht na hithreach.

In 1937, chuir Franklin D. Roosevelt, 32ú Uachtarán Mheiriceá, litir chuig gach gobharnóir stáit, inar mhol sé dlí caomhnaithe ithreach a rith ar an leibhéal náisiúnta. Ina litir, thagair Roosevelt don ithir mar acmhainn bhunúsach agus dúirt sé freisin gurb ionann scriosadh na hithreach agus náisiún a bheith á scriosadh féin. Scríobhadh an litir sin tar éis gur bhuail drochstoirmeacha deannaigh – de bharr triomach a tharla arís agus arís agus cleachtais feirmeoireachta neamh-inbhuanaithe – stráicí móra talún ar mhachairí Texas, Oklahoma, New Mexico, Colorado agus Kansas. Mar gheall ar an tubaiste chomhshaoil sin, ar a dtugtar an 'Dust Bowl' (an dúiche dheannaigh), b'éigean do theaghlaigh bochta, nach raibh in ann morgáistí a íoc ná barra a fhás, a bhfeirmeacha a fhágáil. Ba é an 'Dust Bowl' an babhta imirce ba mhó a tharla riamh i Meiriceá. Idir 1930 agus 1940, d'fhág thart ar 3.5 milliún duine stáit na machairí.

Ní fadhb é an díghrádú ithreach a bhí againn riamh anall. Ar fud an domhain, meastar go bhfuil 33% den ithir réasúnta díghrádaithe nó díghrádaithe go mór mar gheall ar uirbiú, dífhoraoisiú, creimeadh, ábhar orgánach a bheith ag imeacht as an ithir, ídiú na gcothaitheach, aigéadú, salannú, balcadh agus truailliú de bharr ceimiceán (lotnaidicídí). Na bagairtí ar an ithir, is bagairt iad freisin ar shlándáil an tsoláthair bia agus ar na slite beatha atá ag os cionn billiún duine a bhfuil cónaí orthu ar thailte díghrádaithe ar fud an domhain. Is í an Afraic fho-Shahárach is measa atá buailte. Cuirtear amú an-chuid bia sna tíortha saibhre agus tarlaíonn díghrádú ithreach mar gheall air sin freisin. É sin ráite, ach níos lú bia a chur amú, bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh agus teicnící feirmeoireachta a chur i bhfeidhm go cúramach, féadfar cur i gcoinne na treochta maidir le díghrádú na hithreach.

Is iontach na rudaí a dhéanann an ithir, rud a ndéanann muid talamh slán díobh go minic. Cothaíonn sí táirgeadh bia, scagann sí an t-uisce, is uaithi a fhaightear go leor cógas agus cabhraíonn sí linn cur i gcoinne an athraithe aeráide agus dul i ngleic leis. San eolas seo a leanas tá cuid de na cúiseanna ar chóir dúinn aire a thabhairt don ithir agus meas a bheith againn uirthi.

**Táirgeadh agus slándáil bia**

Is ón ithir a thagann 95% den bhia. Bíonn tionchar díreach ag an gcion cothaitheach san ithir ar na plandaí a fhástar inti. Malartaíonn an ithir cothaithigh agus uisce le fréamhacha an phlanda. Dá fholláine í an ithir, is ea is fearr a bheidh na barra.

**Bithéagsúlacht**

Is san ithir atá aon cheathrú de bhithéagsúlacht an phláinéid seo. Is mó an líon orgánach beo atá i spúnóg bhoird ithreach ná mar atá daoine ar an Domhan. Bíonn na speicis pacáilte go dubh dlúth le chéile san ithir. Tá an bhithéagsúlacht tábhachtach ó thaobh fholláine an phláinéid. Cabhraíonn sí le speicis maireachtáil agus dul in oiriúint do na hathruithe a tharlaíonn sa dúlra. Le caomhnú na bithéagsúlachta, bímid ag cabhrú leis an bpláinéad teacht aniar a bheith ann, dul in oiriúint d'athraithe agus a bheith folláin. Ach feirmeoireacht orgánach a chleachtadh, uainíocht a dhéanamh ar an innilt agus ar na barra, agus prionsabal an chaomhnaithe a chur san áireamh sa talmhaíocht, is féidir bithéagsúlacht na hithreach a chothú. Méadaíonn na modhanna sin táirgiúlacht na feirme ar bhealach inbhuanaithe, gan acmhainní ithreach agus uisce a dhíghrádú.

**Gáis ceaptha teasa**

Cabhraíonn an ithir linn cur i gcoinne an athraithe aeráide agus dul i ngleic leis. Nuair a bhainistítear go hinbhuanaithe í, is féidir leis an ithir cur i gcoinne an athraithe aeráide trí charbón a stóráil, rud a laghdaíonn líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a théann amach san atmaisféar. Ach an ithir a bheith sláintiúil agus ardleibhéal ábhair orgánaigh a bheith inti, is féidir léi uisce a stóráil, rud a chabhraíonn leis na barra teacht tríd an triomach agus a chabhraíonn leo dul in oiriúint don fhrasaíocht mhór (uisce ag titim ó na scamaill i bhfoirm báistí, clocha sneachta, flichshneachta nó sneachta).

**Slite beatha agus tithe**

Is féidir le hithir shláintiúil slándáil an tsoláthair bia a chinntiú, slite beatha níos fearr a sholáthar agus an imirce éigeantais a laghdú. Má bhíonn an ithir díghrádaithe, cailltear foinsí bia agus slite beatha. Má chuirtear i bhfeidhm straitéisí inbhuanaithe chun an ithir a bhainistiú (straitéisí a chuidíonn le feirmeoirí déileáil le triomach fadtéarmach agus díghrádú na hithreach), is féidir leis sin cabhrú le daoine an rogha a bheith acu dul ar imirce nó fanacht sa bhaile.

**Uisce**

Tá an ithir ina cuid ríthábhachtach den phróiseas faoina mbíonn uisce glan againn. Gabhann an ithir uisce, stórálann sí é agus scagann sí é sa chaoi is go mbíonn sé sábháilte é a ól. Ní hamháin go gcuireann foraoisí sna hardchríocha cosc ar chreimeadh na hithreach ach cinntíonn siad freisin go mbíonn uisce óil ar ardchaighdeán ann d'úsáideoirí níos faide thíos an sruth. Stórálann an ithir uisce freisin, agus cuireann sí ar fáil do na barra é.

**Cógais**

Baineann tábhacht leis an ithir ó thaobh shláinte an duine. Ba ó mhiocrorgánaigh san ithir a tháinig an chuid is mó de na hantaibheathaigh a bhíonn in úsáid againn, agus peinicillin san áireamh. An raibh a fhios agat go dtagann os cionn 500 antaibheathach ó mhiocróib san ithir?

Baineann tábhacht leis an ithir ó thaobh shláinte an duine. Ba ó mhiocrorgánaigh san ithir a tháinig an chuid is mó de na hantaibheathaigh a bhíonn in úsáid againn, agus peinicillin san áireamh. An raibh a fhios agat go dtagann os cionn 500 antaibheathach ó mhiocróib san ithir?

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**

- **Sprioc 2:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 15:** Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta.

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**Bia a fhás, a chócaráil agus a ithe**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.4 agus 2.3*

Cuir planda nó luibh ag fás in ithir ó do cheantar féin.
Úsáid an planda a fhásfaidh chun béile a réiteach. Ith an béile.
Coinnigh taifead ar an ngníomhaíocht i sraith grianghraf a bhfuil fotheidil ag gabháil leo.
Déan machnamh ar an tábhacht a bhaineann le comhdhéanamh na hithreach sa phróiseas sin.

***The ground beneath her feet***
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.3*

Breathnaigh ar an TEDx Talk a thug Karen Wynne, 'Stop treating our soil like dirt!' (féach na Naisc thíos).

Athscríobh na liricí a ghabhann le hamhrán U2 'The Ground Beneath her Feet' sa chaoi is go dtugtar teachtaireacht faoin tábhacht a bhaineann leis an ithir mar acmhainn nádúrtha.

**Aibhsiú giotaí**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.2*

San úrscéal *The Grapes of Wrath* le John Steinbeck, a foilsíodh in 1939, insítear scéal faoi theaghlach atá ag gabháil ón Dúiche Dheannaigh (*Dust Bowl*) in Oklahoma go California.
Léigh an chéad chaibidil de *The Grapes of Wrath*, agus aibhsigh na giotaí téacs a cheapann tú is éifeachtaí ó thaobh cur síos a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiceach le linn ré na dúiche deannaigh.

Léigh caibidil 21, ina bhfuil an sliocht thuas, agus aibhsigh na sleachta a shíleann tú a léiríonn an imirce sa lá atá inniu ann, ón méid a chuala tú féin, agus saol na ndaoine a bhíonn ag aistriú ó áit go háit sa lá atá inniu ann.

> *"The movement changed them;*
> *the highways, the camps along the road,*
> *the fear of hunger and the hunger itself,*
> *changed them. The children without*
> *dinner changed them, the endless*
> *moving changed them.*
> *They were migrants."*
>
> *- John Steinbeck, The Grapes of Wrath*

**Córas faisnéise faoi ithir na hÉireann** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS agus ST)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.4*

Faigh amach faoin gcineál ithreach atá i do cheantar féin, agus faoi airíonna na hithreach sin, trí fhéachaint ar an léarscáil idirghníomhach ar an gcóras faisnéise faoi ithir na hÉireann (féach na Naisc thíos).

**Dear lógó** (Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)

Mar chuid de Sprioc Dhomhanda 15, luaitear mar chuspóir deireadh a chur le fairsingiú fásaigh agus talamh díghrádaithe a athchóiriú. Fágann an cuspóir sin go gcaithfidh gach ceann de na 193 thír, agus Éire san áireamh, a bheith ag obair faoi 2030 chun cur i gcoinne fhairsingiú na bhfásach, chun talamh agus ithir dhíghrádaithe a athchóiriú (talamh a bhfuil dochar déanta di cheana ag rudaí mar fhairsingiú fásaigh, triomach agus tuilte), agus chun iarracht a dhéanamh an domhan a bheith seasmhach ó thaobh díghrádú talún.

Téigí ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun lógó a dhearadh don chuspóir sin faoi Sprioc Dhomhanda 15. Ba chóir don lógó a bheith mealltach agus baint a bheith aige le téacs an chuspóra.

**#Allweseeisallthereis** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.3*

Dear lipéad do phlanda nó barr a fhástar go minic, agus tú ag díriú ar gharraíodóirí nó ar fheirmeoirí agus á spreagadh chun caitheamh leis an ithir mar acmhainn neamh-inathnuaite agus gan lotnaidicídí a úsáid a thuilleadh.

Comhroinn do lipéad ar ardáin chuí na meán sóisialta, leis an haischlib #Allweseeisallthereis.

## Naisc

***The ground beneath her feet:*** Karen Wynne (2014) 'Stop treating our soil like dirt!' TEDxHuntsville (8.32 nóiméad): **http://www.youtube.com**

**Córas faisnéise faoi ithir na hÉireann:** Léarscáil idirghníomhach an Chórais Faisnéise faoi Ithir na hÉireann: **http://gis.teagasc.ie/soils/map.php**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**



# SNÁITHE A DÓ:
# AN CHAOI A NDÉANAIMID TEAGMHÁIL LEIS AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 2.6

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna maidir le hathrú aeráide agus ar na himpleachtaí lena mbaineann'.

## FÓCAS: An t-athrú aeráide arb é an duine is cúis leis, agus ceartas aeráide

Tá athrú tagtha riamh anall ar aeráid an domhain. Le 650,000 bliain anuas, tharla seacht dtimthriall den oighearleathadh agus oighearchúlú, agus tháinig deireadh tobann leis an oighearaois deiridh thart ar 7,000 bliain ó shin, rud a chur tús le ré aeráide ár linne féin – agus leis an tsibhialtacht dhaonna. Meastar gur tharla an chuid is mó de na hathruithe sin ar an aeráid mar gheall ar éagsúlachtaí an-bheag i bhfithis an domhain a athraíonn an méid fuinnimh a fhaigheann an pláinéad ón ngrian.

Is suntasach í an treocht teasa atá ann faoi láthair mar léiríonn fianaise eolaíoch gurb í gníomhaíocht an duine ó lár an 20ú haois ar aghaidh is cúis leis an domhan a bheith ag téamh. An t-athrú aeráide ar daoine is cúis leis. tarlaíonn sé de bharr gníomhaíochtaí a scaoileann gáis ceaptha teasa, cosúil le dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil. Nuair a scaoiltear amach san atmaisféar iad, stopann an gás fuinneamh agus teas ó éalú, agus mar sin éiríonn an aeráid níos teo. Fiú má laghdaítear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa (má laghdaítear), beidh an domhan fós á théamh ar feadh na gcéadta bliain de bharr na n-astaíochtaí a scaoileadh amach cheana féin.

Na gníomhaíochtaí is measa a dhéanaimid, bíonn sé i gceist leo go ndéantar breoslaí iontaise (cosúil le gual, ola, gás nó móin) a eastóscadh agus a dhó, mar shampla chun leictreachas agus teas a tháirgeadh, le haghaidh seirbhísí iompair agus sa talmhaíocht. Is ón talmhaíocht a thagann beagnach 25% d'astaíochtaí an domhain, agus is iad an fheirmeoireacht feola agus an fheirmeoireacht déiríochta a dhéanann an dochar is mó. In Éirinn, is í an talmhaíocht an earnáil is measa ó thaobh astaíochtaí de, agus is uaithi a thagann 30% dár n-astaíochtaí iomlána.

Scaoileann na ba agus na caoirigh meatán. Is fotháirge nádúrtha é an meatán den díleá a dhéanann siad. Le blianta anuas, tá ba níos mó ag teacht ar an saol de bharr na gclár póraithe beostoic. Dá mhéad an bhó is ea is mó bia a itheann sí, agus dá bhrí sin scaoileann na ba níos mó meatáin. Ar fud an domhain, tá méadú mór tagtha ar líon na n-ainmhithe beostoic mar gheall ar éileamh tomhaltais. Daoine i dtíortha meánioncaim agus tíortha ardioncaim, is gnách leo i bhfad níos mó feola agus táirgí déiríochta a ithe ná mar a bhíodh á n-ithe ag daoine san am atá caite.

Tá meánteocht an domhain ag ardú ó aimsir na réabhlóide tionsclaíche, ach ba í 2015 an chéad bhliain ar taifeadadh teocht a bhí 1° C níos airde ná mar a bhíodh roimh an réabhlóid thionsclaíoch (an chéad leath den ochtú haois déag). Seans go gceapfá gur ardú beag é 1° C, ach tharla babhtaí adhaimsire dá bharr nach raibh a leithéid feicthe cheana. Le gach ardú 1 chéim a thagann ar an teocht, tagann laghdú thart ar 5% ar fhómhar an arbhair (cruithneacht, grán buí nó arbhar Indiach, mar shampla).

Mura ndéarfar gníomh an-mhór go práinneach, beidh tionchar mór ag an athrú aeráide ar an bpláinéad seo agus na ndaoine. Mar shampla, beidh na fadhbanna seo a leanas ag daoine ar fud an domhain:

**Níos mó struis maidir le huisce agus ganntanas uisce** toisc go mbíonn tionchar ag babhtaí adhaimsire a bhfuil baint acu leis an athrú aeráide, cosúil le triomach agus tuilte, ar an bhfáil atá ar uisce glan. Scriosann na tuilte pointí uisce agus truaillíonn siad foinsí uisce. Cuireann an triomach leis an nganntanas uisce agus bíonn drochthionchar aige ar shláinte agus táirgiúlacht an duine.

**Is lú a bheidh fómhar na mbarr agus déanfar dochar do shlándáil an tsoláthair bhia** mar gheall go mbeidh tionchar ag na patrúin aimsire atá ag athrú (teas mór, níos lú nó níos mó báistí, séasúir níos faide nó níos giorra) ar an bhfómhar. De réir a chéile, beidh tionchar aige sin ar sholáthairtí bia agus ar phraghas an bhia.

**Baol don tsláinte**, cosúil le tnáitheadh ón teas nó galair a fhaightear de bharr uisce neamhshábháilte (buinneach, mar shampla), líon na bhfeithidí a bheith ag dul i méid (maláire, mar shampla), nó tearc-chothú leanaí mar gheall ar tháirgeacht barr níos ísle.

**An neamh-chomhionannas inscne a bheith níos measa** mar gheall go mbíonn tionchar níos mó ag an athrú aeráide ar chailíní agus ar mhná ná mar a bhíonn aige ar bhuachaillí agus ar fhir. Is mná iad leath d'oibrithe talmhaíochta an domhain, ach ní leo ach 10%-20% den talamh. Bíonn na cailíní an-leochaileach i gcásanna ina mbíonn ganntanas uisce ann mar gheall gurb iadsan a aimsíonn agus a iompraíonn an t-uisce de ghnáth, rud a d'fhéadfadh iad a stopadh ó fhreastal ar an scoil.

Déanfar **dochar do gheilleagair** mar gheall go scriosann an adhaimsir bonneagar (bóithre agus foirgnimh, mar shampla) agus gnólachtaí go minic, agus go gcosnaíonn sé airgead ar dhaoine iad féin a chosaint i gcoinne na hadhaimsire (cosaintí ar thuilte, mar shampla).

**Méadú ar an imirce agus an díláithriú, agus daoine ag gluaiseacht:**

- ó áiteanna ina mbíonn babhtaí adhaimsire, cosúil le spéirlingí, cioclóin nó stoirmeacha
- ó áiteanna atá i mbaol mar gheall ar an ardú ar leibhéal na farraige, de bharr sneachta agus oighear a bheith ag leá
- ó áiteanna ina bhfuil easpa uisce agus bia
- ó áiteanna ina bhfuil coinbhleacht ar bun de bharr easpa acmhainní, nó ina bhfuil coinbhleacht dá leithéid ag dul in olcas

Thángthas ar chomhaontú domhanda faoin athrú aeráide i bPáras ar an 12 Nollaig 2015. Tá Éire ar cheann de na 194 stát a gheall, faoi Chomhaontú Pháras, gníomh uaillmhianach a dhéanamh i gcoinne an athraithe aeráide. Is gealltanas atá ina cheangal de réir dlí é an Comhaontú sin, chun an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 2 chéim ceinteagrád os cionn an leibhéil réamhthionsclaíoch agus chun iarracht a dhéanamh an t-ardú teochta a choinneáil faoi bhun 1.5 céim.

Tá an domhan 'forbartha' freagrach as formhór na n-astaíochtaí a dhéanann an duine, ach is iad na daoine leochaileacha sna tíortha tearcfhorbartha is measa a bheidh buailte ag droch-éifeachtaí an athraithe aeráide. In 2015, mheas Oxfam go raibh an 10% is saibhre de dhaonra an domhain freagrach as 50% de na hastaíochtaí iomlána carbóin. Bhí an 50% is boichte freagrach as thart ar 10% de na hastaíochtaí a dhéanann an duine.

Is lú an méid acmhainní agus tacaíochta a bhíonn ag daoine bochta agus ní thógann sé ach rud amháin gan choinne – triomach nó tuile a scriosfaidh fómhar amháin – le go gcaillfidh siad gach rud. Ar an lámh eile, go dtí le déanaí, bhí tíortha sa domhan forbartha in ann airgead a chaitheamh ar straitéisí oiriúnaithe chun éifeachtaí an athraithe aeráide a laghdú. Mar gheall air sin, ní fadhb chomhshaoil amháin é an t-athrú aeráide, is fadhb eiticiúil é freisin. Tá an téarma 'ceartas aeráide' tagtha chun cinn mar gheall air sin.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**

- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**Iarr ar shaineolaí** (Gné den snáithe: ST)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.2*

Smaoiníodh an rang ar shraith buncheisteanna tíreolaíochta faoin athrú aeráide – cé, céard, cén uair, cén áit, cén chaoi, cén fáth.

Aimsígí freagraí na gceisteanna sin ar fhoinsí creidiúnacha ar líne. Smaoinígí ar na ceisteanna a chur ar an ríomhphost chuig an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide nó chuig duine nó eagraíocht eile a bhfuil saineolas faoin athrú aeráide aige nó aici.

Ullmhaigh sraith spléach-chártaí 'Cé, Céard, Cén uair, Cén áit agus Cén chaoi' le Quizlet nó a leithéidí.

**Próifílí Athraithe Aeráide**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.2 agus 2.5*

In 2018, sheol Rialtas na hÉireann an tionscadal Éire 2040, beartas pleanála fadtréimhsí. Breathnaigh ar an bhfíseán 'Project Ireland 2040' (féach na Naisc thíos). Breac síos nótaí faoi ghnéithe a bhaineann le gníomh ar mhaithe leis an aeráid.

Mar chuid den tionscadal Éire 2040, leithdháileadh €500 milliún ar Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide. Is é cuspóir an chiste sin ná éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Déan próifíl ar thionscnamh áitiúil nó tionscnamh réigiúnach a dhéanann iarracht éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus na hastaíochtaí foriomlána a laghdú (ag teacht le cuspóir an Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide).

Bíodh an méid seo a leanas i do phróifíl: ainm an tionscnaimh; sonraí teagmhála an duine nó na heagraíochta atá freagrach as (agus sonraí teagmhála ar líne); na hionchuir, na próisis agus na haschuir a bhaineann leis an tionscnamh; cur síos gearr ar an tionscnamh (cé as ar tháinig an smaoineamh, conas a bhaineann sé le gníomhaíocht aeráide, conas a tháinig an smaoineamh chun cinn) agus pleananna don am atá le teacht. Más féidir, d'fhéadfá íomhánna ábhartha a chur leis, agus fotheidil orthu. Ná déan dearmad cloí leis an gcóipcheart: ní mór duit aitheantas a thabhairt d'fhoinsí na n-íomhánna i do chuid oibre.

Cuirigí na próifílí gníomhaíochta aeráide ar taispeáint in áit fheiceálach sa scoil, b'fhéidir ar na ballaí taobh amuigh den seomra ranga, sa leabharlann nó sa limistéar fáiltithe.

**Iniúchadh ar an athrú aeráide** (Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)

Is ar an athrú aeráide atá Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 13 (Gníomhú ar son na hAeráide) dírithe, ach is téama é freisin a bhaineann le Spriocanna Domhanda eile don Fhorbairt Inbhuanaithe.
Logáil isteach ar www.globalgoals.org. Téigí ag obair ina mbeirteanna chun spriocanna a bhaineann leis an athrú aeráide a aithint as measc na 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe.

**Astaíochtaí a mhapáil** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 3.7 agus 3.9*

Tá an Dé-ocsaíd Charbóin (CO2) ar cheann de na gáis ceaptha teasa is cúis le cuid den athrú aeráide. Téigh chuig an léarscáil ar a dtaispeántar go bhfuil méadú ag teacht ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin, ar Scoilnet (féach na Naisc thíos). Cliceáil ar Éirinn agus tabhair faoi deara an líon cileatonaí astaíochtaí CO2 a táirgeadh sa bhliain is déanaí dá bhfuil sonraí ar fáil. Roghnaigh dhá thír ar a laghad sa Domhan Theas agus tabhair faoi deara freisin an líon cileatonaí astaíochtaí CO2 i leith na bliana céanna nó an bhliain is déanaí dá bhfuil sonraí ar fáil. Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, pléigí an tionchar atá ag astaíochtaí CO2 (1) ó Éirinn agus (2) ó na tíortha sa Domhan Theas a roghnaigh sibh ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol.

**Mar a dúirt Mary** (Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)

Breathnaigh ar an Ted Talk a thug Mary Robinson, 'Why climate change is a threat to human rights' (féach na Naisc thíos). Agus tú ag breathnú air, breac síos rud nó dhó a dúirt sí a chuaigh i bhfeidhm ort, mar gheall go bhfuil siad spéisiúil nó mar gur cúis sonais nó cúis bhróin iad, go gcuireann siad fearg ort nó go spreagann siad dóchas ionat. Tar éis duit breathnú air, seiceáil an tras-scríbhinn den chaint a thug Mary Robinson lena chinntiú gur bhreac tú síos go cruinn (focal ar fhocal) an méid a dúirt sí.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Tá tras-scríbhinn ar an TedTalk ar fáil in 24 theanga. Ag brath ar na scoláirí féin, b'fhéidir gur mhaith leat iarraidh orthu an teanga is mó a bhfuil luí acu léi a úsáid chun an obair sin a dhéanamh.**

Comhroinn an sliocht atá roghnaithe agat ón méid a dúirt sí ar ardán cuí ar líne faoin haischlib #climatejustice / #ceartasaeráide.

**'Climate Change is a women's issue'**
(Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 3.7 agus 3.9*

Breathnaigh ar an aiste grianghraf a d'fhoilsigh Mná NA dar teideal 'Climate Change is a women's issue' (féach na Naisc thíos). Bain úsáid as na rudaí a fhoghlaimeoidh tú chun cabhrú leat liosta a dhéanamh d'impleachtaí an athraithe aeráide a bhaineann go háirithe le mná agus cailíní.

Glac páirt i bplé ranga maidir le cé acu an dtéann na himpleachtaí sin i bhfeidhm ar gach bean/cailín i ngach áit nó nach dtéann (sé sin, an imríonn siad tionchar ar mhná agus ar chailíní ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus/nó ar fud an domhain?).

**Aeráid athraithe** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 3.7 agus 3.9*

Breathnaigh ar an léarscáil idirghníomhach faoin Aeráid sa bhliain 2050 (féach na Naisc thíos). Cliceáil ar Éirinn agus breac síos an t-ardú teochta a bhfuiltear ag súil leis faoi 2050 má choinnítear leis na treochtaí reatha. Roghnaigh tír amháin ar a laghad as gach ilchríoch agus tabhair faoi deara an t-ardú teochta a mheastar a tharlóidh inti.

Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, pléigí na himpleachtaí a bheidh ag an ardú teochta sin amach anseo ó thaobh sláinte daoine óga in Éirinn, a gcuid oideachais agus na deiseanna fostaíochta a bheidh acu, agus pléigí freisin na himpleachtaí i gcás daoine óga sna tíortha eile atá roghnaithe agaibh.

# Naisc

**Iarr ar an saineolaí:**

- An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide: **http://www.climatecouncil.ie**
- Líonra Comhshaoil na hÉireann (féach rannán na mball): **http://www.ien.ie**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**

**Iniúchadh ar an athrú aeráide:** 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe (agus cuspóirí i leith gach Sprice): **http://www.globalgoals.org**

**Astaíochtaí a mhapáil**: Léarscáil ar a dtaispeántar go bhfuil astaíochtaí carbóin ag méadú: **http://maps.scoilnet.ie/**

**Mar a dúirt Mary**: Breathnaigh ar an TedTalk a thug Mary Robinson in 2015, 'Why climate change is a threat to human rights' (21.40 nóiméad): **http://www.ted.com**

***Climate change is a women's issue***: Mná NA (2017) 'Climate Change is a women's issue', aiste grianghraf: **http://www.unwomen.org**

**2050**: An léarscáil idirghníomhach 'Climate in 2050' ar Revelator: **https://therevelator.org/interactive-map-climate-2050**



# SNÁITHE A TRÍ:
# DAOINE, ÁITEANNA AGUS ATHRUITHE A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 3.2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'iniúchadh a dhéanamh ar cad is cúis le himirce agus ar na hiarmhairtí atá aici'.

## FÓCAS: Dídeanaithe agus imircigh aeráide

Téann daoine ar imirce ar an-chuid cúiseanna éagsúla. Is féidir na cúiseanna sin a aicmiú faoi na ceannteidil seo a leanas: imirce eacnamaíoch, imirce shóisialta, imirce pholaitiúil agus/nó imirce ar chúiseanna comhshaoil.


- *Imirce eacnamaíoch* – dul chuig tír eile chun obair a fháil nó conair ghairme a leanúint
- *Imirce shóisialta* – bogadh go dtí áit éigin ar mhaithe le caighdeán beatha níos fearr nó chun bheith níos cóngaraí do dhaoine muinteartha nó do chairde
- *Imirce pholaitiúil* – bogadh go dtí áit eile chun éalú ó ghéarleanúint pholaitiúil nó ó chogadh
- *Imirce ar chúiseanna comhshaoil* – bogadh go dtí áit eile mar gheall ar bhabhtaí adhaimsire ar nós tuilte

Is dá dtoil féin a théann roinnt daoine ar imirce, mar shampla, téann duine chun cónaí i dtír eile chun deiseanna gairme a thapú. Tá ar dhaoine eile dul ar imirce, mar shampla, duine nach mór dó nó di teitheadh chun éalú ó choinbhleacht nó ó ghorta.

Is éard atá i gceist le tosca brú ná na fáthanna a bhfágann daoine limistéar, an dífhostaíocht nó triomach, mar shampla. Is iad na tosca tarraingthe na cúiseanna a théann daoine chuig limistéar ar leith, mar shampla deiseanna fostaíochta nó baol níos lú go dtarlóidh babhtaí adhaimsire nó tubaistí nádúrtha.

I gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas Dídeanaithe, 1951 (ionstraim atá ina cheangal dlí), deirtear gurb éard is dídeanaí ann ná duine atá lasmuigh dá thír náisiúntachta féin mar gheall go bhfuil eagla air (agus bunús maith leis an eagla sin) go ndéanfaí géarleanúint air ar chúiseanna a bhaineann le cine, creideamh, náisiúntacht, a bheith ina bhall de ghrúpa sóisialta áirithe nó tuairim pholaitiúil áirithe a bheith aige, agus nach bhfuil in ann leas a bhaint as cosaint na tíre sin nó nach bhfuil toilteanach cosaint a iarraidh uirthi mar gheall ar an eagla sin a bheith air. I gcás daoine a theith óna dtír dhúchais mar gheall ar eagla a bheith orthu go ndéanfar géarleanúint orthu, nuair a thagann siad chomh fada le tíortha a bhfuil Coinbhinsiún na Ginéive sínithe acu, tá ceart dlíthiúil acu iarratas foirmiúil a dhéanamh ar chónaí sa tír sin. A fhad a bheidh an t-iarratas sin ar feitheamh tugtar 'iarrthóir tearmainn' ar an duine sin. Nuair a cheadaítear an t-iarratas ar thearmann (má cheadaítear), faigheann an té sin stádas dídeanaí sa tír nua.

Sa Tuarascáil ón mBanc Domhanda 2018, *Groundswell: Preparing for Internal Climate Migration*, measadh go bhféadfadh an Afraic Fho-Shahárach, an Áise Theas agus Meiriceá Laidineach a bheith ag déileáil, faoin mbliain 2050, le breis is 140 milliún imirceach san iomlán. Beidh ar na daoine sin teitheadh óna dtíortha féin mar gheall ar thriomaigh, leibhéal na farraige a bheith ag ardú, borradh stoirme, agus mar gheall go gclisfidh ar na barra. Mar sin féin, ní chlúdaítear daoine atá ar imirce mar gheall ar chúrsaí comhshaoil nó mar gheall ar an athrú aeráide faoi Choinbhinsiún na Ginéive, ná níl cosaint acu faoi. Tá Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR) ag streachailt cheana féin le tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe an domhain (25.4 milliún duine a cuireadh óna dtithe mar gheall ar choinbhleacht nó mar gheall go ndearnadh géarleanúint orthu). Tá sé admhaithe ag UNHCR go bhfuil brú ollmhór ar a chuid acmhainní mar gheall ar an gcogadh sa tSiria agus mar gheall ar an ngéarchéim dídeanaithe a tharla de bharr na coinbhleachta sin. Dá ndéanfaí an sainmhíniú ar 'dídeanaí' a leathnú sa chaoi is go mbeadh daoine arbh éigean dóibh teitheadh ar chúiseanna comhshaoil san áireamh ann, ní léir an mbeadh fonn ar pholaiteoirí an maoiniú a bheadh ag teastáil a chur ar fáil.




Fíor 6: Sonraí ó UNHCR maidir le heasáitiú éigeantach (daoine á gcur óna dtithe)

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**

- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha




## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**Brú agus tarraingt** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.8*

Téigí ag obair ina mbeirteanna chun socrú cé acu seo a leanas is tosca brú iad agus cé acu is tosca tarraingthe iad i gcás na n-imirceach:

- Caighdeán maireachtála níos fearr
- Easpa seirbhísí nó taitneamhachtaí
- Aeráid níos mealltaí


- An tuairim a bheith ag daoine go bhfuil an ráta coireachta íseal
- Seirbhísí poiblí maithe nó cinn a dhéanfaidh cúis
- Daoine a bheith buartha faoi rátaí arda coireachta
- Cliseadh ar na barra
- Talamh torthúil
- Cosaint mhaith i gcoinne tubaistí nádúrtha
- Soláthairtí bia maithe
- Saibhreas nó rachmas níos mó
- Cobhsaíocht/slándáil pholaitiúil
- Drochstaid ó thaobh sábháilteachta agus slándála
- Bochtaineacht
- Dífhostaíocht
- Cogadh nó coinbhleacht
- Ganntanas uisce

**Agallamh faoin imirce** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Cuir agallamh ar dhuine muinteartha leat nó cara leat a bhfuil taithí éigin aige nó aici ar an imirce. Pleanáil do chuid ceisteanna roimh ré. Ní mór duit ceisteanna a chur faoi na cúiseanna gur fhág siad a dtír féin (tosca brú agus tarraingthe), an saol ar imirce agus an tionchar a bhí ag an imirce ar a saol féin agus ar shaol a muintire. Déan an t-agallamh a thaifeadadh (le d'fhón póca, mar shampla), le cead ón té atá faoi agallamh. Luaigh na príomhphointí a tháinig as d'agallamh sa rang agus pléigí aon treochtaí coiteanna a thagann astu.

**Grafaic faisnéise de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.3*

Déan staidéar ar an ngrafaic ón bPríomh-Oifig Staidrimh atá bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh i ndaonáireamh na bliana 2016 in Éirinn.




Fíor 7: Daonáireamh na bliana 2016, sonraí imirce agus éagsúlachta

Glac páirt i bplé ranga faoin mbaint atá ag treochtaí imirce ar domhan le do shaol agus do thimpeallacht féin, anois agus amach anseo. Bain úsáid as píosa amháin faisnéise ar a laghad ó ghrafaic na Príomh-Oifige Staidrimh mar fhianaise chun tacú leis an méid atá á rá agat.

**Cé na Spriocanna Domhanda?** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Dírítear ar an imirce sna cuspóirí a luaitear le dhá cheann de na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe. Agus sibh ag obair ina mbeirteanna, pléigí cén dá cheann de na Spriocanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ansin logálaigí isteach ar www.globalgoals.org agus féachaigí cén dá Sprioc atá i gceist agus cé na cuspóirí atá ag gabháil leo.

Breathnaigh ar 'Global Trends: Forced displacement in 2017' (féach na Naisc thíos).

Glac páirt i bplé ranga faoi raon feidhme agus teorainneacha na Spriocanna Domhanda ó thaobh dul i ngleic leis an dúshlán atá romhainn faoi láthair maidir leis an imirce ar domhan.

**Nóta do mhúinteoirí:**

Beidh ort na 17 Sprioc Dhomhanda a chur ar taispeáint le linn na gníomhaíochta seo.

Freagra:

(1) Sprioc Dhomhanda 8 (Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch)

Cuspóir 8.8: Cearta saothair a chosaint agus timpeallachtaí oibre sábháilte a chur chun cinn

(2) Sprioc Dhomhanda 10 (An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha)

Cuspóir 10.7: Beartais imirce atá freagrach agus a ndéantar dea-bhainistiú orthu

Cuspóir 10.C: Costas na n-idirbheart a laghdú maidir le híocaíochtaí le himircigh


## Naisc

**Cé na Spriocanna Domhanda?**

- 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe (agus cuspóirí i leith gach Sprice):
  **http://www.globalgoals.org**
- Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNCRC), 'Global Trends: Forced displacement in 2017' (5.13 nóiméad):
  **http://www.unhcr.org/globaltrends2017/**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**



*In Arrival, saothar dealbhóireachta cré-umha a rinne John Behan, fear a rugadh i mBaile Átha Cliath, léirítear eisimircigh ag teacht den long feadh dhá stangairt i dtreo na hAbhann Thoir i Nua-Eabhrac. Bhronn Rialtas na hÉireann ar na Náisiúin Aontaithe é sa bhliain 2000. Grianghraf/John McIlwaine.*

# SNÁITHE A TRÍ:
# DAOINE, ÁITEANNA AGUS ATHRUITHE A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 3.7

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘comparáid a dhéanamh idir na deiseanna saoil atá ag duine óg i dtír atá forbartha – i dtaca le comhionannas inscne, cúram sláinte, fostaíocht agus oideachas – agus duine óg i dtír atá i mbéal forbartha i dtaca leis na deiseanna céanna sin’.


## FÓCAS: An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna

Is éard atá i gceist le forbairt inbhuanaithe ná forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglúnta amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin. *Coimisiún Brundtland, 1987*

Tá roinnt príomhchoincheapa i gceist sa sainmhíniú sin, a nglactar go coitianta leis:

- An chaoi a mbíonn na daoine agus an pláinéad ag brath ar a chéile – rud a fhágann nach féidir forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta a dhéanamh gan ár dtimpeallacht a chur san áireamh freisin.
- An chaoi gur rud uilíoch í an fhorbairt – agus mar sin ní mór do thíortha saibhre agus tíortha bochta a bheith páirteach le chéile inti agus gníomhú le chéile chun leasa gach duine.
- Cothromas idirghlúine – rud a fhágann go bhfuil sé de dhualgas orainn a chinntiú gur pláinéad folláin a bheidh ag na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh.

Tá go leor díospóireachta ar bun faoi conas an fhorbairt a thomhas. Tá uirlis tomhais ag na Náisiúin Aontaithe ar a dtugtar an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna. San Innéacs sin, rianaítear an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an meán maidir le trí ghné bhunúsacha d’fhorbairt an duine – saol fada sláintiúil a bheith ag duine (ionchas saoil), a bheith eolach (oideachas) agus caighdeán maireachtála réasúnta a bheith ag duine (ioncam).*




Fíor 8: Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna

*Chun tomhas níos cuimsithí a dhéanamh ar fhorbairt dhaonna, cuirtear ceithre innéacs ilchodacha eile i láthair freisin sa Tuarascáil um Fhorbairt Dhaonna, ar nós an Innéacs Neamh-Chomhionannais Inscne. Leis an innéacs sin, déantar leibhéal cumhachtaithe na mban a thomhas ar bhonn sonraí cosúil le rátaí báis i measc máithreacha agus rátaí breithe i measc déagóirí, cion na suíochán parlaiminteach a bhíonn ag mná, cion na mban fásta a bhfuil oideachas meánscoile éigin orthu, agus cion na mban os cionn 15 bliana atá páirteach sa lucht saothair. Dá airde an áit san Innéacs is ea is mó an difríocht idir mná agus fir agus is amhail is measa é don fhorbairt dhaonna.

San innéacs, déantar sonraí ó gach cearn den domhan a thaifeadadh a bhaineann le hionchas saoil, a bheith eolach, agus caighdeáin mhaireachtála, agus rangaítear tíortha i gceann de cheithre shraith forbartha: an-ard, ard, meánach agus íseal.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Sonraí ón mbliain 2016 iad na sonraí seo ar fad. D'fhéadfá cuidiú leis na scoláirí dul chuig suíomh gréasáin an Innéacs Forbartha Daonna (féach rannán na Nasc thíos) agus dul ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun na táblaí sin a thabhairt cothrom le dáta.**

Gach bliain, foilsíonn na Náisiúin Aontaithe tuarascálacha atá bunaithe ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna, ina dtugtar sonraí ó na 193 thír atá san eagraíocht sin. In 2016, sa Tuarascáil um Fhorbairt Dhaonna 'Human Development for Everyone', rinneadh scrúdú ar an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas ó thaobh forbairt dhaonna agus cuireadh an cheist 'cé atá fágtha inár ndiaidh againn agus cén fáth?' Breathnaíodh sa tuarascáil freisin ar céard is féidir a dhéanamh chun an fhorbairt dhaonna a chur chun cinn do gach duine. Leagadh amach inti moltaí beartais ar an leibhéal náisiúnta agus féachadh ar bhealaí chun na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

| Tír | Áit san Innéacs um Fhorbairt Dhaonnak | Stádas maidir le Forbairt Dhaonna | Áit san innéacs neamh-chomhionannais inscne (féach an *nóta thuas) | Ionchas saoil tráth na breithe (sláinte) | Óg-dhífhostaíocht (% den lucht saothair idir 15-24 bliana d'aois) | Meánlíon na mblianta oideachais (Oideachas) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Aetóip | 174 | Íseal | 116 | 64.6 | 7.6 | 8.4 |
| Éire | 8 | An-ard | 26 | 81 | 20.9 | 18.6 |
| Mozambique | 181 | Íseal | 139 | 55.5 | 37.8 | 9.1 |
| An Mhaláiv | 170 | Íseal | 145 | 63.9 | 10.8 | 10.8 |
| Siarra Leon | 179 | Íseal | 151 | 51.3 | 5.3 | 9.5 |
| An Tansáin | 151 | Íseal | 129 | 65.5 | 6.3 | 8.9 |
| Uganda | 163 | Íseal | 59.2 | 59.2 | 6 | 10 |
| Vítneam | 115 | Meánach | 71 | 75.9 | 5.3 | 12.6 |
| An tSaimbia | 169 | Meánach | 124 | 60.8 | 19.7 | 12.5 |

Sa tábla seo tá sonraí na bliana 2018 ó Éirinn agus ó na hocht bPríomhthír Chomhpháirtíochta a ndírítear orthu faoi chlár cúnaimh oifigiúil na hÉireann.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**

- **Sprioc 4:** A chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeán cuimsitheach ar fáil do chách agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn
- **Sprioc 5:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch atá cuimsitheach agus inbhuanaithe, agus ar fhostaíocht agus obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe a chur chun cinn, ina bhfuil an ceartas agus an tsíocháin i réim



# Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**3-2-1 Forbairt** (Gné den snáithe: ST)

*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.6*

Breathnaigh ar an scannán beochana atá bunaithe ar thuarascáil na bliana 2016 um Fhorbairt Dhaonna (féach na Naisc thíos). Agus tú ag féachaint air, nó tar éis duit féachaint air, scríobh síos trí rud a d'fhoghlaim tú, dhá rud a chuir iontas ort agus ceist amháin atá agat.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Beidh ort an tábla maidir le Forbairt Dhaonna (féach thuas) a thaispeáint ar an gclár le linn na gníomhaíochta seo..**

**Léigh na sonraí**

(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS agus ST)

*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.9*

Pléigh na rudaí is spéis leat nó is cúis iontais duit sna sonraí ar an gclár. Cé na ceisteanna, más ceist ar bith, atá agat faoin eolas sin? Is in ord aibítre (de réir ainm na tíre) a thaispeántar sonraí ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. Iarr ar do mhúinteoir cóip den tábla a sheoladh chugat nó a thabhairt duit.

Déan an tábla a atheagrú ionas go dtaispeánfar na sonraí in ord uimhriúil bunaithe ar an áit ar an liosta maidir le Forbairt Dhaonna (colún 2), sé sin, san ord seo a leanas: na tíortha is gaire do 1 (ardleibhéal forbartha daonna) go dtí na tíortha is faide ó 1 (leibhéal íseal forbartha daonna). Céard atá le tabhairt faoi deara anois, más rud ar bith, faoi na sonraí (mar shampla, cá bhfuil na tíortha sin ar an léarscáil?)

Cuir na sonraí in ord arís, agus an uair seo bíodh siad in ord uimhriúil de réir óg-dhífhostaíochta (% den lucht saothair 15-24 bliana d'aois) (colún 6). Cad a chuirtear in iúl sa tábla anois faoi thábhacht na fostaíochta ó thaobh forbairt dhaonna? Déan an tábla a atheagrú ionas go dtaispeánfar na sonraí in ord uimhriúil bunaithe ar an áit san Innéacs Neamh-Chomhionannais Inscne (colún 3), sé sin, san ord seo a leanas: na tíortha is gaire do 1 faoi cholún an neamh-chomhionannais inscne go dtí na tíortha is faide ó 1 (an neamh-chomhionannas is measa idir fir agus mná). Céard atá le tabhairt faoi deara anois, más rud ar bith, faoi na sonraí (mar shampla, céard a chuirtear in iúl sa tábla anois faoi na deiseanna saoil a bhíonn ag mná sna tíortha éagsúla)?

**Cuir leis na staitisticí** (Gnéithe de na snáitheanna: PPCS agus ST)

*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.9*

Cóipeáil an tábla seo thíos isteach i do chóipleabhar.

| Tír | Áit san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna | Stádas maidir le Forbairt Dhaonna | Meánlíon na mblianta oideachais (Oideachas) |
|---|---|---|---|
| Éire | 8 | An-ard | 18.6 |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, roghnaígí trí thír sa Domhan Theas nach bhfuil sa tábla ar an gclár cheana féin. Ba chóir ceann amháin ar a laghad díobh a bheith i Meiriceá Laidineach. Cuirigí ainmneacha na dtíortha sin isteach sa chéad cholún (faoi Éirinn).

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Beidh ort an tábla maidir le Forbairt Dhaonna (féach thuas) a thaispeáint ar an gclár le linn na gníomhaíochta seo.**

Téigí go dtí Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna – Próifílí Tíre (nasc leis an suíomh gréasáin thíos) Cliceálaigí ar gach ceann de na ceithre thír sa Domhan Theas atá roghnaithe agaibh agus aimsígí na sonraí maidir leis an rangú a rinneadh uirthi ó thaobh Forbairt Dhaonna, stádas ó thaobh Forbairt Dhaonna agus an líon blianta a chaitheann na gasúir ar scoil de ghnáth. Breacaigí síos an t-eolas sin sa tábla. Anois déanaigí tábla eile leis na ceannteidil chéanna ar na colúin agus an líon céanna rónna. An uair seo, cuirigí na ceithre thír in ord de réir líon na mblianta a bhfuiltear ag súil a chaithfidh gasúir sa chóras oideachais, ag tosú leis na tíortha ina gcaitear níos mó blianta ar scoil. Glacaigí páirt i bplé ranga faoi thábhacht an oideachais don fhorbairt dhaonna.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Tá go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn tar éis glacadh leis an gCód Iompair atá ag Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí (féach na Naisc thíos), agus leis sin tá gealltanas á thabhairt acu gur le meas ar dhínit an duine a léireoidh siad saol na ndaoine bochta. Mar straitéis difreála, d'fhéadfá iarraidh ar na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar a gcás-staidéar agus Cód Dóchas ar intinn acu, agus aon aiseolas atá acu a chur chuig Dóchas.**

**Comparáid a dhéanamh idir cás-staidéir**
(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS agus ST)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 3.8 agus 3.9*

Déan taighde ar eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe in Éirinn (féach na Naisc thíos), chun féachaint cé na heagraíochtaí a bhíonn ag obair i dtíortha sa Domhan Theas. Déan teagmháil leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha sin agus iarr orthu cás-staidéir (íomhánna agus téacs agus/nó píosaí scannáin nó físeáin) a chur chugat a bhaineann le daoine óga a bhfuil cónaí orthu sna tíortha sin. Iarr cás-staidéir ina bhfuil sonraí faoi fhir agus mná, agus sonraí faoi shaol na ndaoine óga ó lá go lá: an scoil, cúrsaí sláinte, saol an teaghlaigh agus fostaíocht nó poist ina measc. Ullmhaigh cás-staidéar den sórt céanna i do leith féin. Déan comparáid idir do shaol, do chuid gníomhaíochtaí agus na deiseanna a bhíonn agat agus an saol a chaitheann duine de na daoine óga sin ón Domhan Theas.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Bíonn sé ina aidhm ag eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith ag obair leis na daoine is boichte agus is imeallaithe. Mar sin, tá sé tábhachtach a mhíniú do na scoláirí nach dócha go léiríonn an duine óg sa chás-staidéar an saol a chaitheann na daoine óga go léir a bhfuil cónaí orthu sa tír áirithe sin.**

## Naisc

**3-2-1 Forbairt:** Oifig na Tuarascála um Fhorbairt Dhaonna (2017) 'Animated video – Human Development Report 2016' (4.05 nóiméad):
**http://www.youtube.com**

**Cuir leis na staitisticí:** Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, Tuarascáil um Fhorbairt Dhaonna – próifílí tíre:
**http://hdr.undp.org/en/countries**

**Comparáid a dhéanamh idir cás-staidéir:**

- Dóchas, Cumann Éireannach na nEagraíochtaí Forbartha Neamhrialtasacha (féach an bhallraíocht):
**http://www.dochas.ie/membership/our-members**
- Cód Iompair Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí:
**http://www.dochas.ie/images-and-messages**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**



# SNÁITHE A TRÍ: DAOINE, ÁITEANNA AGUS ATHRUITHE A FHIOSRÚ

## Toradh foghlama mar thús aistir = 3.8

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'measúnú a dhéanamh ar ról an chúnaimh forbartha maidir le forbairt an duine'.

## FÓCAS: Clár oifigiúil na hÉireann um fhorbairt thar lear

D'fhás teoiric na forbartha daonna as díospóireachtaí domhanda a bhí ar bun sa dara leath den 20ú haois faoi na naisc atá ann idir fás eacnamaíoch agus forbairt. Sna 1970idí agus sna 1980idí, rinne an lucht díospóireachta machnamh ar an luach a bhaineann le dul níos faide ná OTI (fás eacnamaíoch), agus béim níos mó a leagan ar an bhfostaíocht, athdháileadh le fás, agus freastal ar bhunriachtanais. Chabhraigh na smaointe sin leis an mbealach a réiteach do chur chuige na forbartha daonna, is é sin cur le saibhreas an tsaoil, in ionad gan a bheith ag díriú ach ar chúrsaí eacnamaíocha amháin. Is cur chuige é atá dírithe ar dheiseanna agus roghanna cothroma a chruthú do chách.

Bhunaigh Éire clár forbartha oifigiúil (de chuid an rialtais) thar lear in 1974. 'Cúnamh Éireann' a thugtar ar an gclár sin anois. Bíonn Cúnamh Éireann ag obair i ndlúthchomhar le rialtais agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha in 8 bPríomhthír Chomhpháirtíochta: an Aetóip, an Mhaláiv, Mósaimbíc, Siarra Leon, an Tansáin, Uganda agus an tSaimbia san Afraic, agus Vítneam san Áise. Thar na blianta, tá an cháil tagtha ar Éirinn go bhféachaimid chuige go dtéann ár mbuiséad cúnaimh chuig na tíortha is lú forbartha.

Bíonn dhá rud éagsúla i gceist leis an gcúnamh thar lear. Is é atá i gceist le **cúnamh forbartha** ná nuair a bhíonn eagraíocht idirnáisiúnta, eagraíocht rialtais nó eagraíocht neamhrialtasach ag obair i dtír thearcfhorbartha thar thréimhse fhada chun cur i gcoinne na bochtaineachta, an comhshaol a fheabhsú, níos mó bia a fhás, poist a chruthú, scoileanna agus ospidéil a thógáil, agus mar sin de. Nuair a tharlaíonn tubaistí, seoltar cabhair éigeandála, cosúil le bia, pubaill, soláthairtí leighis agus oibrithe leighis, chun cuidiú le daoine atá buailte ag cogadh, tuile, crith talún nó tubaiste éigin eile. Tugtar **cúnamh daonnúil** nó **cúnamh éigeandála** ar an gcúnamh sin.

Is féidir an cúnamh thar lear a chur chomh fada le daoine leochaileacha ar bhealaí éagsúla:

- Cúnamh déthaobhach: ó rialtas i dtír 'fhorbartha' (ar a dtugtar an *tír bhronntach*) chuig rialtas i dtír 'thearcfhorbartha' (ar a dtugtar an *tír is faighteoir*).
- Cúnamh iltaobhach: ó rialtas go heagraíocht idirnáisiúnta, mar shampla ó rialtas na hÉireann go dtí an tAontas Eorpach, gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe nó an Banc Domhanda, agus ansin ón eagraíocht idirnáisiúnta chun cláir agus tionscnaimh a mhaoiniú i dtíortha tearcfhorbartha.
- Trí eagraíochtaí neamhrialtasacha nó trí charthanais a bhailíonn airgead ó ghnáthdhaoine dá gcuid oibre, nó a chuireann isteach ar airgead ó rialtais.

Sa bhliain 2000, d'aontaigh Éire cloí le sprioc na Náisiún Aontaithe 0.7% den Ollioncam Náisiúnta (OIN*) a chaitheamh ar chúnamh thar lear faoi dheireadh 2007. Ba sa bhliain 2008 a tharla an caiteachas ba mhó (0.59%), ach ó shin i leith is ag laghdú atá an treocht – níor chaith Éire ach 0.33% den OIN ar chúnamh oifigiúil thar lear in 2016.

Tá muintir na hÉireann i bhfabhar an buiséad cúnaimh a mhéadú. I suirbhé a rinne Dóchas agus IPSOS MRBI i mí na Bealtaine 2018, d'aontaigh 80% de na daoine ar cuireadh ceist orthu gur tábhachtach an rud é go seasfaidh Éire leis an ngealltanas atá tugtha aici maidir le cúnamh thar lear. In 2018, thug an rialtas an gealltanas sin (maidir le 0.7% den OIN a thabhairt) arís agus spriocdháta 2030 luaite leis. Dá mbainfí an sprioc sin amach, bheadh €0.70 as gach €100 a chaitear ag dul chuig na daoine is boichte agus is leochailí ar domhan.

## Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

**Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...**



# Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

**Éire Dhomhanda** (Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 3.6 agus 3.9*

I mí an Mheithimh 2018, sheol rialtas na hÉireann 'Éire Dhomhanda: Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025', plean chun áit na hÉireann ar domhan a athnuachan agus a leathnú. Breathnaigh ar an bhfíseán 'Global Ireland: Ireland's Global Footprint' (féach na Naisc thíos).

Agus tú ag breathnú air, tabhair faoi deara na príomhphointí a dhéantar faoin gcúnamh forbartha. Déan comparáid idir na rudaí a chonaic nó a chuala tú féin agus scoláire eile, agus cuir le do chuid nótaí más gá.

Déan anailís ar na scéalta sna meáin faoi sheoladh an phlean 'Éire Dhomhanda' (leid: cuardaigh Google News agus tú ag baint úsáid as na heochairfhocail seo a leanas (nó focail i mBéarla): Domhanda, lorg, Éire, plean, dúbailte. Cum ceannlíne nuachta a mheallfaidh aird an phobail agus a dhíreoidh aird ar an nasc idir an plean 'Éire Dhomhanda' de chuid an rialtais agus geilleagar agus sochaí dhomhandaithe na hÉireann.

**Fíor nó bréagach?** (Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.8*

Léigh na ráitis thíos agus cuir tic i gcolún amháin nó sa cholún eile ar thaobh na láimhe clé. Breathnaigh ar an bhfíseán 'You are making a difference' a rinne Cúnamh Éireann (féach na Naisc thíos), agus ansin cuir tic le **Fíor** nó **Bréagach** i leith gach ráitis arís, ach úsáid an colún ar thaobh na láimhe deise an babhta seo.

| Sula bhfaca tú an físeán | | | Tar éis duit breathnú ar an bhfíseán | |
|---|---|---|---|---|
| Fíor | Bréagach | | Fíor | Bréagach |
| | | Is é Cúnamh Éireann clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear | | |
| | | Tá 8 bpríomhthír chomhpháirtíochta ag Cúnamh Éireann | | |
| | | Tá laghdú ar an ocras agus teacht aniar níos fearr ar cheann de na trí sprioc atá ag Cúnamh Éireann | | |
| | | Tá an t-athrú aeráide agus an fhorbairt ar cheann de réimsí tosaíochta Chúnamh Éireann | | |
| | | Tá Cúnamh Éireann faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | | |

**Tuarascáil bhliantúil**
(Gnéithe de na snáitheanna: ST agus an Inbhuanaitheacht)
*Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.7*

Aimsigh an tuarascáil bhliantúil is déanaí a d'fhoilsigh Cúnamh Éireann. Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, aimsígí cás-staidéar (ceann a bhaineann le duine óg más féidir é) a thaispeánann an méid a dhéanann Cúnamh Éireann chun ceann amháin nó níos mó de chuspóirí na Spriocanna Domhanda a bhaint amach.
Cuirigí achoimre ar an gcás-staidéar i láthair an ranga agus luaigí an bhaint atá aige le cuspóirí na Spriocanna Domhanda.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**I mí Feabhra 2019, sheol Cúnamh Éireann beartas nua don fhorbairt idirnáisiúnta dar teideal *A Better World*. Mar straitéis difreála, d'fhéadfá iarraidh ar na scoláirí taighde a dhéanamh ar cheann de na ceithre thosaíocht nua atá luaite sa cháipéis bheartais sin.**

**Díospóireacht siúlóide**

(Gnéithe de na snáitheanna: PPCS, ST agus an Inbhuanaitheacht)

Déan píosa machnaimh ar do thuairimí faoi gach ceann de na ráitis seo a leanas faoin gcúnamh thar lear:

- Má fhaigheann daoine cúnamh, ní bhíonn fonn ar bith orthu cuidiú leo féin
- Ní fiú cúnamh a thabhairt ós rud é nach dtagann an t-airgead chomh fada leis na daoine is mó atá i ngátar
- Is iondúil gur rialtais éillitheacha a bhíonn ag na tíortha a fhaigheann cúnamh
- Tugann Éire a dóthain cúnaimh do na tíortha is boichte
- Is maith an rud é i gcónaí cúnamh a thabhairt
- Nuair a bhíonn an saol crua anseo in Éirinn, ba chóir dúinn an méid cúnaimh a thugaimid do thíortha eile a laghdú
- Is é an rud is ceart a dhéanamh ná cúnamh a thabhairt
- Ní bheidh dea-thoradh ar an gcúnamh a fhad is a bheidh córais éagóracha trádála ann idir tíortha
- Déirc atá i gceist leis an gcúnamh, nó cuidiú leo siúd nach bhfuil saol chomh maith acu is atá againn féin
- Ba chóir d'Éirinn seasamh leis an ngealltanas a thug sí go gcaithfidh sí 0.7% den OIN ar chabhair thar lear

Glac páirt i ndíospóireacht siúlóide faoin gcúnamh thar lear. Téigh i dtreo seasamh 'Aontaím', 'Ní aontaím,' nó 'Níl mé cinnte' mar fhreagra ar na ráitis a léigh do mhúinteoir os ard. Téigí ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun aicmiú a dhéanamh ar gach ceann de na deich ráiteas díospóireachta mar seo a leanas: (1) Fíric (2) Steiréitíopa*, nó (3) Nílimid cinnte. Taispeáin bhur dtoradh don chuid eile den rang. Pléigí an cheist 'Cá bhfaigheann muintir na hÉireann a gcuid eolais faoin gcúnamh thar lear?' Tugaigí faoi deara aon fhoinsí creidiúnacha a dhíríonn ar fhíricí seachas ar steiréitíopaí.

*Is féidir sainmhíniú a thabhairt ar 'steiréitíopaí' mar seo a leanas: tuairimí ginearálta, atá ró-shimplithe, a chur in iúl faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpa, nó fiú faoi thíortha nó ilchríocha. Steiréitíopaí: – is minic a bhíonn siad bunaithe ar thuiscintí a ndéanann daoine talamh slán díobh nó ar eolas mícheart – is féidir leo a bheith dearfach (mar shampla, bíonn neart fuinnimh agus samhlaíochta ag gach duine óg) nó diúltach (mar shampla, bíonn gach fear óg ar nós cuma liom faoin tsábháilteacht ar an mbóthar).

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**

**Nuair a luaimid URL suímh gréasáin, beidh ort an acmhainn shonrach a chuardach duit féin. Déanaimid é sin sa chaoi is nach mbeidh fadhb ann maidir le naisc bhriste.**

## Naisc

**Éire Dhomhanda**: Rialtas na hÉireann (2018), an físeán 'Global Ireland: Ireland's Global Footprint' (5.08 nóiméad): **http://www.ireland.ie**

**Fíor nó Bréagach?** ICúnamh Éireann (2018), físeán 'You are making a difference' (2.02 nóiméad): **http://www.youtube.com**

**Tuarascáil bhliantúil**: Tá an tuarascáil bhliantúil is déanaí de chuid Chúnamh Éireann ar fáil sa rannán nuachta agus foilseachán ar shuíomh gréasáin Chúnamh Éireann: **http://www.irishaid.ie**






# Bí Gníomhach/Glac Páirt

Tá acmhainní chun tacú le múineadh agus foghlaim na dtéamaí forbartha trí chineálacha cur chuige an Oideachais Saoránachta Domhanda ar fáil ó shuímh ghréasáin de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha áirithe nó ó ardáin cosúil le **www.developmenteducation.ie**

Tá cláir gradam éagsúla ann do scoláirí iar-bhunscoile atá ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda mar chuid de Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí. Is iad na cinn is ábhartha díobh siúd:

- Clár Ghradam an Phas Dhomhanda de chuid Scoileanna WorldWise
  **worldwiseschools.ie/wwgs-global-passport/**
- Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT
  **https://btyoungscientist.com/**
- Córstaí Glana: comórtas do ghrianghrafadóirí amaitéaracha
  **http://www.cleancoasts.org**
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil:
  Comórtas The story of stuff
  **http://www.thestoryofyourstuff.ie/**
- Gradam an Chomhshaolaí Óig de chuid ECO-UNESCO
  **http://www.ecounesco.ie**
- Cumann Tíreolaíochta na hÉireann:
  Comórtas Sheachtain na Tíreolaíochta
  **http://www.geographicalsocietyireland.ie/**
- Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann
  **http://www.gsi.ie**
- An Comórtas Idirnáisiúnta Tíreolaíochta: Craobhchomórtas na hEorpa
  **http://www.internationalgeographybee.com/europe/**
- An comórtas 'One Good Idea' de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)
  **https://www.seai.ie/**

Tá Scoileanna Domhanda WorldWise buíoch as an gcúnamh agus an tacaíocht a fuair sé ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus an acmhainn seo á cur le chéile aige.

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade
WorldWise Global Schools

# Scoileanna Domhanda WorldWise (WWGS)

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

# Global Passport Award

**Cláraigh anois !**

## CAD É AN PAS DOMHANDA?

Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) é Gradam an Phas Dhomhanda, a chuireann creat ar fáil do scoileanna ionas gur féidir leo an OSD a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim.

Is creidiúnú féinmheasúnaithe maidir leis an OSD é, a ndéantar iniúchadh seachtrach air agus atá ar oscailt do gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann.

## CÉNTAIRBHEATÁLEBAINTAS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san oideachas saoránachta domhanda, a bhfuil iniúchadh seachtrach déanta air
- Bailíochtú ar an obair atá ar bun ag an scoil i dtaobh oideachas saoránachta domhanda, agus aitheantas don obair sin
- Spás do na scoláirí chun ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda a scrúdú agus beart a dhéanamh ina leith
- An deis chun cur le hiomrá na scoile tríd an oideachas saoránachta domhanda a chur i láthair agus a cheiliúradh

## CÉARD ATÁ I GCEIST?

Féachfaidh sibh ar leibhéal gníomhaíochta na scoile san OSD i sé chatagóir (Stampaí an Phas Dhomhanda) agus tabharfaidh sibh samplaí den obair atá ar bun agaibh i ngach réimse díobh sin.

Beidh an Pas Domhanda (a bhfuil trí chineál díobh ann) a bhronnfar ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na 6 stampa.




## CÉARDIADNATACAÍOCHTAÍ ATÁ AR FÁIL?

Tá tacaíocht ar fáil ó Scoileanna Domhanda WorldWise chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teileafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, treoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí

## GRADAIM

Tá 3 chineál éagsúla Pas Dhomhanda ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an Oideachas Saoránachta Domhanda:

**Pas Saoránaigh**
lena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht leis an Oideachas Saoránachta Domhanda

**Pas Taidhleoireachta**
i gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe leis an Oideachas Saoránachta Domhanda

**Pas Speisialta**
i gcomhair rannpháirtíocht den scoth leis an Oideachas Saoránachta Domhanda

## IGCOMHAIRRANNPHÁIRTÍOCHT DENSCOTHLEISANOIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun bheith páirteach sa scéim, cláraigh linn ar líne ag www.worldwiseschools.ie nó seol ríomhphost chuig global.passport@worldwiseschools.ie

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar ár ngradam scoile, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie**

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an OSD le n-a n-úsáid i ranganna Béarla, tabhair cuairt ar developmenteducation.ie – bunachar sonraí téamach ainchuardaithe ina bhfuil ábhar ranga don OSD ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

**Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise**

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

**Scoileanna Domhanda WorldWise,** Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8
**www.worldwiseschools.ie | Ríomhphost** info@worldwiseschools.ie **| Teil.** 01 685 2078

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus
Department of Foreign Affairs and

WorldWise Global Schools

*Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.*

Self Help Africa · Concern worldwide · CDETB · CDU Curriculum Development Unit